Pensions
OMBUDSMAN
Fear an Phobail um Pinsin

# Tuarascáil Bhliantúil 2007



Pensions
OMBUDSMAN
Fear an Phobail um Pinsin

Tuarascáil Bhliantúil 2007

**OIFIG FHEAR AN PHOBAIL UM PINSIN**

36 SRÁID AN MHÓTA UACHT

BAILE ÁTHA CLIATH 2

TEILEAFÓN **(01) 647 1650**

www.pensionsombudsman.ie

RÁITEAS MISIN

## Chun imscrúdú a dhéanamh agus socruithe a ghlacadh, ar bhealach neamhspleách agus neamhchlaonta, i dtaca le gearáin agus le hachrainn a bhaineann le scéimeanna pinsin ceirde agus le Cuntais Coigiltis Scoir Pearsanta (CCSP)

*Tá an foilseachán seo ar fáil i gcló mór ar iarratas*

# ÁBHAIR


**BROLLACH** **3**

**Roinn 1 - Réamhrá** **5**

**Roinn 2 – Cuntas Achoimre ar Obair na Bliana 2007** **7**

*Riar na gCásanna* *7*

*Córas Riaracháin Cásanna* *7*

*Cásanna ar eisíodh Cinneadh Críochnaitheach ina leith nó a Réitíodh faoi Eadráin* *7*

*Eolas* *8*

*Cairt an Chustaiméara* *8*

*Bearta Bolscaireachta* *8*

*Caidreamh le hEagraíochtaí Náisiúnta agus Idirnáisiúnta* *9*

*Athruithe sa Reachtaíocht agus Cúrsaí Dlí* *10*

*Meabhráin Tuisceana* *11*

*Áisiúlacht agus Léire don Phobal* *11*

*Oiliúint agus Forbairt* *11*

*Cúrsaí Foirne* *11*

**Roinn 3 – Achoimre & Staitisticí maidir leis an Ualach Cásanna 2007** *12*

Anailís ar na Cásanna i gCrích *12*

*Cásanna Eadráin* *12*

*Cinntí Críochnaitheacha* *12*

*Níor tháinig faoi scáth na dTéarmaí Tagartha* *13*

*Cúiseanna Ilghnéitheacha le Críoch Cáis* *13*

Staitisticí Ginearálta *15*

| | |
|---|---|
| **Roinn 4 - A bhfuil Foghlamtha againn** | *17* |
| *Riarachán Pinsin Seirbhise Poibli* | *17* |
| *Cén fáth go dtarlaíonn sin?* | *18* |
| *Réiteach Díospóidí Inmheánacha – an tSeirbhís Phoiblí.* | *18* |
| *RDI na hEarnála Príobháidí* | *19* |
| *Cé chomh hÉifeachtach atá RDI?* | *20* |
| *Láimhseáil Ghearán go Ginearálta* | *20* |
| *Ag Foghlaim ó Ghearáin* | *21* |
| *Infheistíocht* | *22* |
| *Spriocshochair* | *23* |
| *Dreasacht SSIA* | *23* |
| **Roinn 5 - Conclúidí** | *24* |
| **Roinn 6 - Cuntais Airgeadais** | *25* |
| *Aguisín 1 - Oifig Fhear an Phobail um Pinsin - Soláthar Foirne 2007* | *26* |
| *Aguisín 2 - Cén Chaoi a bPróiseáiltear Gearán* | *27* |
| *Aguisín 3 - Briseadh síos ar Ghearáin de réir Láithreach* | *28* |
| *Aguisín 4 - Cineál na nGearán 2006 agus 2007* | *29* |
| *Aguisín 5 - Achoimre ar Shreabhadh Airgid agus Anailís ar Dhúnadh Comhaid i 2007* | *31* |
| *Aguisín 6 - Líon na nGearán a Fuarthas de réir Míosa 2006 & 2007* | *33* |
| *Aguisín 7 - Ráitis Airgeadais don bhliain a chríochnaigh 31 Nollaig 2007* | *34* |
| *Aguisín 8 - Reachtaíocht Rialaithe* | *45* |
| *Aguisín 9 - Foilseacháin na hOifige* | *46* |

# BROLLACH



A Aire,

Is cúis áthais dom an Tuarascáil Bhliantúil don bhliain 2007, an ceathrú bliain iomlán i mbun feidhme ag Oifig Fhear an Phobail um Pinsin.

Leanadh den dul chun cinn maidir le hobair na hOifige agus ardú leanúnach i gcónaí ar ualach na gcásanna. B'ionann líon na gcásanna nua, 515 cás, agus ardú os cionn 17% i gcomparáid le líon na gcásanna sa bhliain 2006 agus chuir sin arís leis an mbrú ar fhoireann na hOifige. Ina ainneoin sin, bhíothas in ann feabhas suntasach a chur ar an ráta críche maidir le cásanna agus sin de bharr feabhas maidir le líon na foirne go háirithe. Ceapadh Ciarán Creagh ina Imscrúdaitheoir i mí Meitheamh 2007 agus tháinig John Sheehan isteach i mí Meán Fómhair. Chomh maith leis sin, tháinig Michelle O'Keeffe, Oifigeach Feidhmiúcháin, isteach ag teannadh le deireadh na bliana agus bíonn sise ag cuidiú leis na himscrúdaitheoirí ina gcuid oibre. Tháinig athrú réasúnta mór ar an bhfoireann cléireachais chomh maith. Is iad Darina Breen agus Colette Coghlan na cúntóirí Riaracháin anois. Bhí athrú i réimsí eile freisin.

Tháinig Joe Dempsey in áit Jean O'Toole mar Bhainisteoir Oifige nuair a tháinig deireadh lena tréimhse ar iasacht ag an Oifig. Ba mhaith liom mo chuid buíochais do Jean as an gcúnamh mór taca a thug sí domsa ó bunaíodh an Oifig agus ó tugadh an chéad fhorbairt uirthi a lua go sonrach anseo. D'aistrigh Kevin Lonergan go dtí an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta ag deireadh na bliana. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Kevin as an gcúnamh seasta a thugadh sé agus fearaim fáilte roimh Joe Timbs atá tagtha i gcomharbacht air mar Stiúrthóir na hOifige.

Tharla dhá achomharc eile leis an Ard-Chúirt i rith na bliana 2007 maidir le cinntí de mo chuid. Fágfaidh sin ualach breise oibre ar an Oifig. Faoi láthair tá trí cinn de chásanna achomhairc luaite i gcóras na gcúirteanna cé go bhfuil ceann acu nach léir faoi láthair go bhfuiltear á chur chun cinn. I gcás achomhairc amháin ar tugadh éisteacht air anuraidh, seasadh i bpáirt leis an gcinneadh uaimse. Níor cuireadh an dara páirt faoi scrúdú, ó tharla gur chlis an t-achomharc maidir leis an gcéad cheist, agus dámhadh costais an achomhairc don Oifig. Táthar le tabhairt faoi roinnt bearta dlí i rith na bliana 2008 d'fhonn a chur ina luí ar fhreagróirí áirithe maidir le gearáin nach foláir déileáil go dáiríre leis an Oifig seo.

Tráchtfar níos faide síos ar na cúiseanna a bhí leis na gearáin a tháinig agus ar an lón teagaisc atá le baint astu. Ba léir roinnt ceisteanna a theacht chun cinn go minic ón obair ar chásanna arís i mbliana agus tá siad sin curtha faoi bhráid an Boird Pinsean agus an Rialtóra Airgeadais de réir mar is cuí. Is mian liom a lua gur mór agam féin agus ag foireann na hOifige an comhoibriú leanúnach a bhíonn idir an Oifig seo agus an Bord, an Rialtóir agus an tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais agus a chuid foirne agus é de chuspóir leis an gcomhoibriú go gcinntítear an tseirbhís is fearr is féidir a chur ar fáil dóibh siúd a bhaineann úsáid as seirbhísí airgeadais.


Ní foláir dom buíochas a chur in iúl don Bhord Pinsean as fáil a bheith ar chomhaid de chuid an Bhoird le linn imscrúdúcháin. Is cúis áthais dom an fhoráil a dhéantar faoin Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2008 do mhalartú eolais leis na Coimisinéirí Ioncaim agus tá beartaithe Meabhrán Tuisceana idir an dá chomhlacht a dhréachtadh i rith na bliana seo chugainn.

Foilsítear, mar a rinneadh sna blianta roimhe seo, Achoimre Cásanna leis an tuarascáil seo. Bítear ag súil go mbeidh tairbhe as sin acu siúd a mbíonn plé acu le gearáin, acu siúd a bheadh ag smaoineamh ar ghearán a dhéanamh agus acu siúd a chuireann comhairle orthu. Leantar den nós ainmneacha na ngearánaithe agus na bhfreagróirí a choinneáil siar ar mhaithe le cosaint don phríobháideacht. Sa chás gur údarás poiblí atá i gceist, ní i gcónaí is féidir an freagróir atá i gceist a cheilt ó d'fhéadfadh gur léir é ón obair a bhíonn ar an ngearánaí.

Is mian liom buíochas a ghabháil leat féin, a Aire, mar gheall ar an gcúnamh taca a thug tú féin agus iadsan a chuaigh romhat dom féin go pearsanta agus maidir le hobair na hOifige. Is mór agam go háirithe an chabhair agus an cúnamh taca a bhíonn ó fhoireann na Roinne – an tAonad Polasaí maidir le Pinsin, a mbíonn caidreamh leanúnach leo, agus na rannóga maidir le cúrsaí Pearsanra, Cuntas, Seirbhísí IS agus Bainistíocht Áiseanna freisin. Táthar buíoch chomh maith as an gcúnamh a thugtar don Oifig le linn imscrúduithe, go háirithe ón Rannóg Scóipe agus Seirbhísí Aitheantas Cliaint, ar cúnamh é a thugtar le meon meas iomlán ar neamhspleáchas na hOifige seo.

Mar fhocal scoir, glacaim buíochas leis na himscrúdaitheoirí agus leis an bhfoireann taca nár chuir an méadú mór ar ualach na gcásanna dá mbuille iad agus ar choinnigh a gcuid dúthrachta, dea-mhéin agus díograis an Oifig ag feidhmiú, fiú le linn clár obair athchóiriúcháin nach raibh coinne le mórán de agus a raibh deannach agus dusta go leor dá bharr.

Beir beannacht,



**Paul Kenny**
*Fear an Phobail um Pinsin*

# ROINN 1
# RÉAMHRÁ

Ba chorraitheach an bhliain í an bhliain 2007 i gcúrsaí pinsin. Leanadh den titim i líon na scéimeanna sochair shainithe agus bhí riocht anacair na margaí infheistíochta ina chúis imní ag gach comhalta de scéim phinsin, go háirithe acu siúd ar bhonn ranníoca sainithe a dhéantar a gcuid sochar a ríomh.

Tharla cúpla cor suimiúil sna cúrsaí seo, go háirithe le teacht chun cinn socruithe nua "croschineálacha" pinsin. Is iomaí cineál acu sin ann ach tá de thréith leo ar fad go leagtar amach iad, ar bhealach amháin nó ar bhealach eile le cinntiú go mbíonn an baol a bhaineann le pinsean a chur ar fáil idir an fostaí agus an fostóir araon, in ionad an baol ar fad a bheith ag baint leis an bhfostóir, mar a tharlaíonn i gcás an chuid is mó de na scéimeanna sochair shainithe, nó leis an bhfostaí, mar a tharlaíonn i gcás na ngnáthshocruithe ranníoca sainithe. Tá de bhuntáiste le cuid de na scéimeanna sin go gcuirtear pacáiste iomlán sochair shainithe ar fáil dóibh siúd is ísle pá agus go gcosnaítear an fostóir ar iomlán an éifeachta a bhainfeadh le hardú mór ar an tuarastal acu siúd is airde pá.

Cuireadh tús le linn na bliana 2007 freisin leis an bplé ar athchóiriú riachtanach ar an gcóras pinsin agus an Páipéar Glas faoi Phinsin a seoladh i rith an fhómhair mar splanc spréachta leis sin. Beidh tionchar go ceann i bhfad ar na hathruithe a thagann de bharr an phróiseas comhairliúcháin seo. Is den riachtanas dá bharr sin gurb iad na socruithe cearta a dhéantar anois ar mhaithe leis an tír agus na hoibrithe. Bhí an t-ádh orainn maidir le cineál an daonra in Éirinn rud a fhágann gur moille a thiocfaidh an lucht saothair anseo in aois agus a thiocfaidh an t-ardú dá réir maidir leis an gcóimheas cleithiúnais i gcomparáid le tíortha eile san Eoraip. Tá rún agam Aighneacht mhionsonraithe a chur ar fáil maidir leis an bPáipéar Glas faoi Phinsin i rith na bliana 2008.

Idir an dá linn, ní foláir oibriú de reir na gcóras pinsin atá i réim agus an dícheall a chaitheamh lena chinntiú go gcuirtear sin i bhfeidhm chomh maith agus is féidir sin. Leagtar de dhualgas ar an Oifig imscrúdú a dhéanamh mar gheall ar ghearáin, míriar a mbíonn caillteanas airgid dá bharr agus réiteach mar gheall ar cheisteanna fíorais nó dlí a eascraíonn ó aighneas maidir le Scéimeanna Pinsean Ceirde, Cuntais Choigiltis Scoir Pearsanta agus Conarthaí "Iontaobhais" Blianachta Scoir áirithe. Bíonn de ról againn chomh maith lón eolais óna dtugaimid faoi deara i mbun na hoibre dúinn a chur faoi bhráid lucht ceaptha polasaí ionas go gcuirtear athruithe riachtanacha inmhianta ar an gcóras de réir mar is féidir.

Tráchtaim go sonrach sa tuarascáil seo ar roinnt ceisteanna a tháinig chun cinn maidir leis na gearáin a rinneadh i mbliana. Tagraíodh i dTuarascáil Bhliantúil na bliana seo caite don mhoill a bhain le Réiteach Aighneas Inmheánach i gcás scéimeanna údarás poiblí a thabhairt chun críche. De thoradh ar bheart ón Aire Gnóthaí Sóisialta agus Teaghlaigh, a scríobh chuig a chuid comhghleacaithe tar éis na Tuarascála sin uaim anuraidh, tá feabhas mór tagtha maidir leis an gceist sin ach tá roinnt réimsí ann i gcónaí ina bhféadfadh cúrsaí a bheith i bhfad níos fearr.

Tráchtaim i mbliana ar a gcás siúd a bhíonn ag plé le cúrsaí aoisliúntais sa tseirbhís phoiblí, ar an éagothroime a bhaineann leis an riarachán i gcodanna éagsúla den tseirbhís phoiblí agus ar fhírinne an cháis nach i gcónaí a bhíonn an buíochas agus an t-aitheantas don té a roghnaíonn dul go sainiúil le cúrsaí pinsin agus aoisliúntais atá dlite dó. Níor cheart an gá

atá le heolas sainiúil ar réimse chomh mionteicniúil le cúrsaí pinsin a mheas faoin bhfiúntas agus ní d'fhás aon oíche a thagann an saineolas is gá le riarachán a dhéanamh ar shocruithe pinsin na seirbhíse poiblí. Tráchtar níos faide ar aghaidh sa tuarascáil ar an gceist maidir lena éifeachtúla agus atá Réiteach Aighneas Inmheánach. Is ceist í atá gan réiteach, ar na cúiseanna a luaim. Bheinn den tuairim gur mhaith ab fhiú roinnt taighde a dhéanamh ar an gcaoi a n-oibríonn Réiteach Aighneas Inmheánach dáiríre taobh istigh de scéimeanna pinsin d'fhonn féachaint lena fheabhas a réitítear fadhbanna leis an bpróiseas sin, sa chaoi agus nach dtagann siad faoi mo bhráidse riamh, a mheas. Tugaim roinnt tuairimí maidir le caighdeáin agus plé á dhéanamh le gearáin agus maidir leis an tábhacht atá le dea-láimhseáil ar ghearáin, mithe a chuideodh go mór le líon na ngearán a thagann faoi bhráid na hOifige seo a ísliú. Mar is iondúil, bhí líon mór de na gearáin a d'eascair as tionscal na tógála agus is é is dócha go mbeidh ardú arís ar líon na ngearán sin de réir mar a chliseann níos mó cuideachtaí san earnáil sin mar gheall ar an dul ar gcúl i margadh na tithíochta. Ní staitisticí amháin atá sna gearáin sin – tá daoine i gceist leo ar bhain fostóirí neamhscrupalacha airgead uathu agus teaghlaigh ar insíodh dóibh nach n-íocfar aon sochar iarbháis leo ar bhás an tsaothraí ó tharla nár íoc an fostóir na ranníocaíochtaí a bhí dlite.

Tháinig roinnt gearán chun cinn i rith na bliana maidir le cúrsaí infheistíochta, ní nach ionadh. Ní féidir neamhaird a dhéanamh den infheistíocht oiriúnach ar shócmhainní scéime mar a éilítear faoi Acht na bPinsean. Ní mór do na hIontaobhaithe an dualgas a leagtar orthu maidir leis an infheistíocht a thabhairt chun aire agus a chomhlíonadh go dúthrachtach.

Tarlaíonn arís go raibh trácht ar spriocanna maidir le sochair. B'ábhar anróiteach sin cheana agus is dócha go mbeidh sé ina ábhar aighnis arís; is dóigh liom gur easpa cumarsáide is cúis le cuid de sin.

Mar ábhar scoir, bhí roinnt gearáin a tháinig a bhain le réimse dhreasacht an rialtais ar theacht chun aibíochta don Scéim Coigiltis na gCuntas Dreasachta Coigiltis Speisialta (SSIA i mBéarla). Bhí líon suntasach pinsinéirí a thapaigh an dreasacht sin, cuid mhaith acu gan a dtiocfadh de bharr a gcuid airgid a infheistiú i gCuntas Coigiltis Scoir Phearsanta (PRSA i mBéarla) a thuiscint. Ainneoin mealladh ann do dhaoine áirithe a cheapadh gur de bharr díolacháin éagórach ar mhórscála a tharla sin, ní mór dom a rá nach dóigh liom gurbh amhlaidh an cás. Bhí suimeanna beaga nár bhac na forais airgeadais dul á dtóraíocht agus bhí cuid mhaith a dhiúltaigh glan glacadh leo. Dá thoradh sin, ba mhinic pinsinéirí ag déanamh taighde dá gcuid féin agus ag baint míthuisceana sa deireadh as a raibh le tabhairt san áireamh.

# ROINN 2

# CUNTAS ACHOIMRE AR OBAIR NA BLIANA 2007

## RIAR NA gCÁSANNA

Tháinig 515 cás nua chuig an Oifig i rith na bliana 2007 agus pléadh le 3,590 fiosrúchán ar an teileafón. Is ionann sin agus ardú 17% agus ardú 16% faoi seach i gcomórtas leis an mbliain 2006. 'Glanadh' nó tugadh chun críche 584 cás i rith na bliana. Is ionann sin agus ardú 90% i gcomórtas le líon na gcomhad a dúnadh i rith na bliana 2006. Bhí an obair ar siúl maidir le 423 comhad gearáin ag tús na bliana 2007 agus 354 a bhí idir lámha ag deireadh na bliana. Tugtar anailís mhionsonraithe ar ualach na gcás agus ar an riar orthu sa chéad Roinn eile den Tuarascáil. Cé go bhfuil na gearáin a mbítear ag plé leo casta ó chineál agus ó nádúr agus go mbíonn malartú eolais agus soiléiriú mar gheall ar cháipéisíocht de dhíth lena n-ídítear cuid mhaith ama, is ábhar buartha agam i gcónaí an fhad a chaitear le próiseáil a dhéanamh ar ghearán. Tá tagairt déanta thuas do na hathruithe ó thaobh fhoireann na hOifige i rith na bliana 2006.

## CÓRAS RIARACHÁIN CÁSANNA

Tagraíodh i dtuarascáil na bliana seo caite don ghá le Córas Riaracháin Cásanna nua don Oifig lena dtarlódh staitisticí maidir le heolas ar riar na gcásanna a chur ar fáil gan bheart breise ar bhonn tobuaire agus lena gcuirfí le cumas lucht na bainistíochta sinsearaí spriocanna agus táscairí feidhmiúcháin ardchaighdeáin a leagan síos agus monatóireacht a dhéanamh ar an bhfeidhmiúchán i leith na spriocanna céanna. Is cúis áthais dom a lua gur tháinig an córas nua i bhfeidhm an 2 Eanáir 2008 tar éis próiseas tairisceana i rith na bliana 2007. Tá forbairt bhreise á déanamh agus ba cheart go mbeadh dtiocfadh breis éifeachtachta in obair na hOifige dá thoradh sin ón uair a thugtar an córas i bhfeidhm go críochnúil.

## CÁSANNA AR EISÍODH CINNEADH CRÍOCHNAITHEACH INA LEITH NÓ A RÉITÍODH FAOI EADRÁIN

Eisíodh 64 Cinneadh Críochnaitheach faoi Alt 139 Acht na bPinsean, 1990 (arna leasú) i rith na bliana 2007. Astu sin, bhí 47% inar seasadh go hiomlán nó i bpáirt leis an ngearán agus an 53% fuílligh nár glacadh leo. Tugtar anailís níos mionsonraithe maidir leis sin i Roinn 3.

Socraíodh 197 cás i rith na bliana trí eadráin a dhéanamh; bhí 81% díobh sin ar toradh fábharach leis an ngearánaí a bhí orthu. Is fearr arís sin ná an toradh ar obair na bliana 2006 nuair a réitíodh 75% de na cásanna i bhfábhar an ghearánaí. Tá difríocht idir an toradh ar féidir a rá gur fábharach leis an gearánaí atá sé idir cás ina n-eisítear. Cinneadh Críochnaitheach agus cás a réitítear faoi eadráin agus is féidir a áitiú gur cuid den chúis leis sin nach bhféadaim treorú go gcuirfí athrú ar riail ná cumhacht lánroghnach na n-iontaobhaithe a chur de leataobh i gCinneadh Críochnaitheach. Bíonn Cinneadh Críochnaitheach freisin ina cheangal ar gach páirtí, faoi réir ag cead achomhairc leis an Ard-Chúirt, agus bíonn an dámhachtain airgid a fhéadaim a dhéanamh teoranta maidir leis an sochar de chuid na scéim a chailltear - i.e. ní fhéadaim an costas a chuaigh leis an gcás a throid a thabhairt san áireamh ná cúiteamh mar gheall ar strus nó imní a bhronnadh, etc. Is mó an scóip a bhíonn agam i gcás eadrána agus is minic a bhíonn réiteach níos luaithe agus níos sásúla air ná mar a thiocfadh as Cinneadh Críochnaitheach.

Tá glactha agam de pholasaí, go ndéanfaidh mé, nuair a oireann don chás, Fógra Réamhráiteach faoi Chinneadh, ina leagtar amach na príomhfhíorais de réir mar a fuarthas amach le linn an imscrúdúcháin, a eisiúint sula n-eisítear Cinneadh Críochnaitheach, agus go luaifear san fhógra chomh maith an cinneadh is dócha a thiocfaidh bunaithe ar na fíorais. Tugtar leis sin deis don ghearánaí agus don fhreagróir araon soiléiriú a thairiscint mar gheall ar ghnéithe den tuairisc imscrúdúcháin agus aon fhianaise nó tuairimí breise a thabhairt is mian leo a chur i mo láthair sula socraím ar an gCinneadh Críochnaitheach. Oibríonn an próiseas sin go maith ach cuireann sé cuid mhaith leis an tréimhse ama a chaitear roimh an gCinneadh Críochnaitheach. Tharla go raibh tairbhe mhór as sin i gcás a ndearnadh achomharc mar gheall air leis an Ard-Chúirt. Ina ainneoin sin, sa chás go bhfuil fíorais an cháis soiléir agus mise den tuairim nach gá cinneadh réamhráiteach a eisiúint, eisím an Cinneadh Críochnaitheach gan sin a dhéanamh.

## EOLAS

Caitheann baill den fhoireann cuid mhaith ama ag tabhairt eolais do dhaoine aonair den phobal. Bíonn daoine ag glaoch ar an Oifig lena gcuid fadhbanna a phlé – lena shocrú an bhfuil cúis mhaith gearáin acu fiú amháin nó ar cheart an gearán atá acu a dhéanamh liomsa in aon chor. Tá ardú suntasach tagtha ar líon na nglaonna ar phríomhuimhir na hOifige ón mbliain 2006 go raibh 3,590 glao a tháinig i rith na bliana 2007, ardú 16%.

## CAIRT AN CHUSTAIMÉARA

Tá an obair ullmhúcháin ar Chairt an Chustaiméara á tabhairt chun críche agus tá súil agam bheith á cur suas ar an suíomh idirlín go luath sa bhliain 2008.

## BEARTA BOLSCAIREACHTA

Tá méadú suntasach tagtha gach bliain de ceithre bliana tosaigh i bhfeidhm ag an Oifig ar líon na ngearán foirmeálta agus na bhfiosrúchán neamhfhoirmeálta a thagann isteach. Ina ainneoin sin, tá fianaise ann a thabharfadh le tuiscint go bhfuil cuid mhaith daoine ann a bhfuil deacrachtaí acu a bhaineann le pinsin agus a dtarlódh nach eol dóibh an Oifig ná a cuid seirbhísí a bheith ar fáil.

Ní raibh ar ár gcumas le ceithre bliana anuas oiread ama agus ba mhaith linn a chaitheamh le bolscaireacht faoi ról na hOifige agus aird dhaoine a tharraingt ar í a bheith ar fáil. Is í an chúis ba mhó leis sin, ainneoin an iomraill, an t-ardú ar líon na ngearan agus na bhfiosrúchán a tháinig agus an t-easpa ama dá bharr sin tabhairt faoin obair bholscaireachta is gá. Sna blianta seo romhainn, ní foláir níos mó ama a chaitheamh le bearta bolscaireachta ionas go mbíonn tuiscint ag an ngnáthdhuine gur ann don Oifig. Tá sin ar siúl cheana féin tríd an suíomh idirlín, www.pensionsombudsman.ie, le beagán fógraíocha agus trí altanna a chur ar fáil i bhfoilseacháin éagsúla maidir le pinsin agus in irisí eile. Scríobhtar colún go rialta don *Irish Pensions News*, iris de chuid Chumann Chistí

Pinsin na hÉireann (CCPÉ). Chuireamar gné-ábhar fógraíochta i roinnt foilseachán chomh maith d'fhonn cur arís leis an tuiscint ghinearálta i measc an phobail ar ról agus ar shainchúram na hOifige. Bíonn sonraí faoin Oifig san 'Yearbook' a fhoilsíonn an Foras Riaracháin agus i gceann CCPÉ agus ar an gcairt phleanála ag Cumann Tomhaltóirí na hÉireann. Rinneadh cur i láthair ó bhéal le heagrais ghairme agus le heagraíochtaí ionadaíochta eile, ina measc an Cumann Árachais Saoil, Institiúid Árachais na hÉireann, Cumann Chuntasóirí Poiblí Deimhnithe Laighean, Cumann Dhlíodóirí Pinsin na hÉireann, Stiúrthóirí Oibrí na gComhlachtaí Stát-Urraithe, Comh-Eagrais na gCuntasóirí Cairte, Grúpa Sóisearach na gCuntasóirí Cairte agus Cumann na nGardaí ar Scor. Glacadh páirt chomh maith sa Taispeántas dar theideal *Over 50s* san RDS i mBaile Átha Cliath.

Lean na himscrúdaitheoirí de chothú an chaidrimh taobh istigh de thionscal na bpinsean agus rinneadh freastal ar roinnt cúrsaí oiliúna de chuid an tionscail i rith na bliana.

Is é mo thuairim gur mór is fiú freastal ar na cúrsaí sin, ó thaobh oiliúna agus bainistithe faisnéise de agus mar bhealach le poiblíocht a dhéanamh maidir le ról na hOifige. Tabharfar faoi bhearta bolscaireachta arís sa bhliain 2008.

## CAIDREAMH LE HEAGRAÍOCHTAÍ NÁISIÚNTA AGUS IDIRNÁISIÚNTA

Chomh maith leis an gcaidreamh a luaitear thuas, bhí plé leanúnach agam i rith na bliana le hOifig Fhear an Phobail agus le Fear an Phobail um Sheirbhísí Airgeadais. Bíonn caidreamh ar siúl go seasta idir an Oifig agus Stiúrthóireacht an Tomhaltóra an Rialtóra Airgeadais agus an Roinn Gnóthaí Sóisialta agus Teaghlaigh. Tharla plé agus idirbheartaíocht leis na Coimisinéirí Ioncaim, an Bord Pinsean, an tOmbudsman Pinsin sa Ríocht Aontaithe, An Cumann Réamhscoir sa Ríocht Aontaithe agus an Institiúid Bainistíochta Pinsean. Le linn imscrúdúcháin, bhí caidreamh ag an Oifig chomh maith leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí agus leis an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Ba mhaith liom mo bhuíochas a lua as an gcomhoibriú a bhí ó na heagraíochtaí sin go léir.

Bíonn caidreamh leanúnach le roinnt Ceardchumann, le CIMA agus le EPACE a dhéanann monatóireacht ar an gcomhlíonadh maidir leis an gComhaontú Fostaíochta Cláraithe i gcás Thionscal na Tógála, agus le Scéim Phinsin na nOibrithe Tógála féin.

Táim féin i mo chomhalta de Chumann Ombudsman na Breataine agus na hÉireann (BIOA) agus bíonn baill d'fhoireann na hOifig lánghníomhach in obair an chumainn agus in obair ghrúpaí sainleasa a bhaineann le gnéithe éagsúla d'obair Ombudsman. Tá obair an Chumainn seo ina acmhainn luachmhar i mo thuairimse maidir le hobair na hOifige. I measc na bpríomhchuspóirí ag an BIOA, tá cothú, forbairt agus cosaint ar ról agus ar theideal gach Ombudsman; caighdeáin sárchleachtais a leagan amach agus a chur chun cinn; cruinnithe, comhdhálacha agus seimineáir a eagrú; eolas a fhoilsiú agus páirt a ghlacadh i ngach cineál eile beartaíochta lena gcuirfí leis an tuiscint i measc an phobail ar scéimeanna aitheanta de chuid Ombudsman agus lena gcothófaí an éifeachtacht agus an éifeachtúlacht ina leith.

## ATHRUITHE SA REACHTAÍOCHT AGUS CÚRSAÍ DLÍ

Tháinig roinnt athruithe sa reachtaíocht a bhaineann leis an Oifig seo i rith na bliana 2006. Leasaíodh Alt 131 Acht na bPinsean d'fhonn ligean dom an próiseas maidir le Réiteach Aighnis Inmheánach a sheachaint i gcásanna inar léir nach bhfuil tairbhe le baint as an modh oibre sin. Ní bhaineann sin le scéimeanna údarás reachtúil ná údarás áitiúil. Anuas air sin, foráiltear anois do dheimhniú go bhfuil an próiseas RDI caite laistigh dá théarmaí féin sa chás nach bhfuil sé tagtha chun críche taobh istigh den tréimhse reachtúil trí mhí, nó aon tréimhse is faide ná sin a mheasaimse bheith cuí.

Tá leas bainte agam as an deis coinníoll an RDI a chur ar neamhní i roinnt cásanna a bhain le tionscal na Tógála, sa chás gur in aghaidh an fhostóra an gearán agus gur maidir le teip ranníocaíochtaí a íoc nó a chur ar aghaidh an gearán, ó tharla nach mbeadh aon toradh i gcásanna den sórt sin ar an ngearánaí a chur i mbun plé leis na hiontaobhaithe ach moill ar an imscrúdú.

Chuir mé coinníoll an RDI ar neamhní i gcásanna eile freisin nuair a mheas mé gur chuí sin – mar shampla, sa chás gur in aghaidh na n-iontaobhaithe féin, nó in aghaidh fostóra arb é an t-aon iontaobhaí amháin freisin é, an gearán.

Rinneadh leasú breise ar Acht na bPinsean sa bhliain 2007 d'fhonn Conarthaí Blianachta Scoir Iontaobhais a thabhairt faoi mo scáth i gcásanna nach polasaithe árachais amháin na hionstraimí airgeadais ina ndéantar sóchmhainní dá sórt a infheistiú. Foráiltear faoin reachtaíocht do choinníoll RDI i leith scéimeanna den sórt sin. Is faoi scáth Fhear an Phobail um Sheirbhísí Airgeadais a thagann scéimeanna iontaobhais a bhfuil na sócmhainní iontu faoi árachas iomlán.

Foilsíodh Rialacha Cúirte i rith na bliana 2007 a bhain le cásanna acmhomhairc ó bhinsí reachtúla. Is féidir mionsonraí mar gheall orthu sin, atá ar fáil in Ionstraim Reachtúil Uimh.14 den bhliain 2007, a cheadú ar shuíomh idirlín na hOifige.

Is mian liom a lua, i gcomhthéacs na gcúrsaí dlí, go bhfuil de rún agam ionchúiseamh coiriúil a thionscnamh in aghaidh dhaoine a chuireann bac ar imscrúdúchán na hOifige seo, agus nach mbeidh aon leisce orm dul chun Cúirte i gcásanna nach gcuirtear ar fáil an t-eolas a éilítear le haghaidh imscrúdúcháin.

Ba mhaith liom a lua chomh maith gur caitheadh amach cás achomhairc, a thug an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí in aghaidh chinneadh i gcás iarbhall den Gharda Síochána, agus gur dámhadh na costais don Oifig.



## MEABHRÁIN TUISCEANA

Leagtar amach i Meabhrán Tuisceana leis an mBord Pinsean, na cúraimí maoirseachta atá ar an mBord agus ar Fhear an Phobail faoi seach ionas gur féidir le foireann an Bhoird an Meabhrán a úsáid d'fhonn deimhniú ar faoi shainchúram Fhear an Phobail ó cheart a thagann an chúis a bhfuil imscrúdú á dhéanamh acu air nó *vice versa*. Leagtar amach ann freisin na socruithe don chomhoibriú agus don mhalartú eolais idir na Páirtithe taobh istigh de shrianta faoin reachtaíocht. Cuireann seo leis an meabhrán atá ann cheana féin leis an Rialtóir Airgeadais agus Fear an Phobail um Sheirbhísí Airgeadais.

Tá Meabhrán Tuisceana ann leis an Ombudsman Pinsin sa Ríocht Aontaithe chomh maith agus baineann an phlé le gearáin agus aighnis maidir leis an Scéim Phinsin do Chomhlachtaí Thuaidh-Theas a bunaíodh faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta leis sin. Bhí gá leis sin ó tá an scéim bunaithe ó thaobh dlí an dá thaobh den teorainn.

## ÁISIÚLACHT AGUS LÉIRE DON PHOBAL

Déanann an Oifig gach dícheall cinntiú go mbíonn an teacht is fearr is féidir ag gach duine ar na seirbhísí. Rinne Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP) i rith na bliana 2006 iniúchadh ar an áisiúlacht a choimisiúnú maidir leis an bhfoirgneamh. Ba léir ón tuairisc dá bharr go mbeadh obair shuntasach athchóiriúcháin de dhíth go mbeadh lánáisiúlacht ag baint leis an bhfoirgneamh agus chuir OOP na moltaí maidir leis an obair sin faoi athbhreithniú. Tuigeadh ó scrúdú ailtireachta go raibh lochtanna struchtúir le cur ina gceart agus rinneadh sin i rith na bliana 2007. D'fhág sin gur caitheadh an obair áisiúlachta a chur ar athló. Leanfar idir an dá linn den pholasaí atá againn sa chás go mbíonn deacracht ar leith ó thaobh áisiúlacht na hOifige don ghearánaí go ndéanfar socrú cuairt a thabhairt air i láthair oiriúnach eile, a theach cónaithe féin san áireamh.

## OILIÚINT AGUS FORBAIRT

Leanadh den phróiseas oiliúna agus forbartha pearsanta don fhoireann ar fad i rith na bliana 2007. Is é a bhain leis sin: traenáil theicniúil i réimsí a bhaineann le pinsin; treoir teagaisc sna réimsí éagsúla a bhaineann le teicneolaíocht an eolais; agus, cúrsaí oiliúna eile a sonraíodh mar chuid de pháirt an duine aonair sa Chóras Bainistíochta agus Forbartha Gníomhúcháin.

## CÚRSAÍ FOIRNE

Is cúis áthais dom a lua gur tugadh leibhéal na foirne san Oifig aníos sa deireadh go dtí an leibhéal ba ghá i rith na bliana 2007 nuair a cuireadh Príomh-Imscrúdaitheoir Cúnta breise agus Oifigeach Feidhmiúcháin nua leis an bhfoireann.

# ROINN 3

# ACHOIMRE & STAITISTICÍ MAIDIR LEIS AN UALACH CÁSANNA 2007

Tharla ardú suntasach arís i mbliana ar an ualach oibre san Oifig. Bhí 423 cás a tugadh ar aghaidh ón mbliain 2006 agus tháinig 515 gearán as an nua i rith na bliana 2007 féin, rud a d'fhág 938 gearán ar fad don bhliain. Tugadh 584 cás acu sin chun críche i rith na bliana agus bhí fuílleach 354 cás idir lámha ag deireadh na bliana. (Féach Figiúr 3.4). Tá líon na gcásanna a tugadh chun críche i rith na bliana ardaithe go mór i gcomparáid le figiúr na bliana seo caite, 307 cás, agus sin a bhuíochas den chuid is mó don fhoireann breise a cuireadh ar fáil i rith na bliana.

## ANAILÍS AR NA CÁSANNA I GCRÍCH

### *Cásanna Eadráin*

Is cúis áthais dom gur thángthas ar réiteach trí eadráin ar 197 cás i rith na bliana. Astu sin, thángthas ar réiteach ar 159 cás, eadhon, 27% den 584 cás ar fad a tugadh chun críche i rith na bliana, a bhí chun sástacht an ghearánaí gan gá le déine an imscrúdúcháin iomláin. Tá sin beagán níos ísle ná figiúr na bliana seo caite, 29%. Is léir an bhuntáiste le cásanna a réiteach trí phróiseas eadrána nuair a thugtar san áireamh an t-achar ama a chaitear le cás a phróiseáil ó thagann an gearán an chéad uair go dtugtar chun críche é. 29 seachtain ar an meán an tréimhse a chaitear le réiteach sásúil a fháil trí phróiseas na headrána i gcomórtas le meántréimhse 54 seachtain le Cinneadh Críochnúil a eilsiúint i gcás ina seastar leis an ngearánaí.

Maidir leis an 38 cás eile a réitíodh tar éis eadráin de chuid na hOifige, níor fhág siad athrú ábhartha ar chúinsí ag an ngearánaí nó níorbh i bhfábhar an ghearánaí an socrú ar an gceist.

### *Cinntí Críochnaitheacha*

Rinneadh Cinntí Críochnaitheacha faoi Alt 139 Acht na bPinsean maidir le 64 (21%) de na cásanna a tugadh chun críche. Seasadh leis an ngearánaí i gcás 30 acu sin agus diúltaíodh do 34 gearán.

Nuair is léir, le linn don scrúdú mar gheall ar ghearán, nach dtiocfaidh réiteach na ceiste trí mhodh eadrána, cuirtear in iúl don ghearánaí go bhfuiltear ar tí imscrúdú foirmeálta a n-eiseofar Cinneadh Críochnaitheach dá bharr a thionscnamh. Is léir ó na staitisticí go mba 54 seachtain ar an meán an tréimhse a caitheadh ó cuireadh tús le himscrúdú foirmeálta sa bhliain 2007 go dtí gur eisíodh Cinneadh Críochnaitheach, i gcomparáid le tréimhse 57 seachtain ar an meán maidir leis an mbliain 2006. Níl ansin ach leide ginearálta faoin tréimhse ar an meán, ó braitheann an t-achar a chaitear ní amháin ar a chasta agus atá an cás ach ar an gcomhoibriú ó pháirtithe uile an ghearáin maidir leis an eolas a éilítear a chur ar fáil go tráthúil, e.g. ba é an t-achar ba faide a bhain leis an bpróiseáil ar chás ó cuireadh tús leis an imscrúdú foirmeálta gur eisíodh Cinneadh Críochnaitheach maidir leis an mbliain 2007 162 seachtain agus ba é an t-achar ba lú trí lá.

Sa chás go mbíonn imscrúdú foirmeálta le tarlú, is iondúil go n-eisím tuairim réamhráiteach le páirtithe uile an ghearáin sula n-eisítear an Cinneadh Críochnaitheach. Leagtar amach fíorais ábhartha an cháis sa tuairim réamhráiteach agsu tugtar leide maidir leis an socrú a bhainfidh leis an gCinneadh Críochnaitheach.

### *Níor tháinig faoi scáth na dTéarmaí Tagartha*


Bhí 104 (18%) de na cásanna ar cuireadh críoch leo ar deimhníodh nár tháinig siad faoi scáth théarmaí tagartha Fhear an Phobail um Pinsin ar chúiseanna éagsúla. Mar shampla, bhí 43 cás a tháinig faoi scáth Ombudsman, Rialtóir nó Comhlacht Stáit eile, cásanna maidir le Pinsin Stáit ina measc. Bhí sé cinn déag de chásanna ar tugadh faoi deara nár tháinig siad taobh istigh de na teorainneacha ama ar féidir leis an Oifig imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin lena linn. B'ar réimse cúiseanna ilghnéitheacha nach raibh an fuílleach, 45 cás, ag teacht faoi scáth na dtéarmaí tagartha.

### *Cúiseanna Ilghnéitheacha le Críoch Cáis*

Bhí céad caoga cás (26%) a tugadh chun críche tar éis comhairle ghinearálta a chur ar fáil ba leor mar fhreagra sásúil ar an bhfiosrúchán a rinne an gearánaí. Bhí ardú suntasach i gceist leis sin i gcomórtas le figiúr na bliana roimhe seo, 62 (20%), rud a léiríonn ach é amháin go bhfuil tuiscint níos fearr ag teacht do dhaoine den phobal ar a thábhachtaí agus atá sé eolas a bheith acu ar a bhfuiltear ina dteideal ó thaobh pinsin de d'fhonn teacht roimh aon deacracht a thiocfadh chun cinn tráth is faide anonn ach go bhfuiltear níos eolasaí chomh maith ar fheidhm na hOifige agus ar an bhfónamh a dhéantar ann.

Ní féidir leis an Oifig – ach amháin i roinnt cásanna eisceachta – imscrúdú a dhéanamh mar gheall ar ghearán nó aighneas nár cuireadh cheana féin faoi bhráid chóras Réiteach Díospóidí Inmheánacha (RDI). Bhí tríocha agus a ceathair cás (6%) ar cuireadh críoch leo mar gheall nár leanadh leo tar éis a chur de chomhairle ar an ngearánaí an cás a chur faoi bhráid chóras RDI agus bhí tríocha agus a cúig cás eile ar cuireadh críoch leo nuair a chuir an gearánaí in iúl nár mhian leis dul ar aghaidh leis an ngearán. Déantar trácht níos cuimsithí ar an bpróiseas RDI níos faide amach sa Tuarascáil.

**Leiriu 3.1**
Dunadh Comhaid de reir Fatha 2007





**Nóta:** Nóta: RDI – Réiteach Díospóidí Inmheánacha
TTS – Téarmaí Tagartha Seachtracha
Eadrascáil neamhrathúil – Níor thángthas ar réiteach a raibh an gearánaí sásta leis maidir leis an cheist bhunaidh a d’ardaigh sé/sí.
Eadrascáil rathúil – Thángthas ar réiteach a raibh an gearánaí sásta leis maidir leis an cheist bhunaidh a d’ardaigh sé/sí.

## STAITISTICÍ GINEARÁLTA


I 2007 tháinig 72% de na gearáin ó fhearaibh agus 28% ó mhná. Ba iad 74% agus 26% na figiúirí comhfhreagracha i 2006. Tá an méadú beag ar ghearáin ó mhná ag teacht leis an méadú ar an méid ban le clúdach árachas pinsin san fhórsa oibre.

**Léiriú 3.2**
Gearáin a fuarthas ó fhir agus ó





Is briseadh síos é seo ar na gearáin a fuarthas i 2007 rangaithe de réir cineál scéim pinsin – scéimeanna ceirde pinsin príobháideacha 72%, scéimeanna poiblí pinsin 27% agus gearáin a bhain le Cuntais Choigiltis Pearsanta Scoir (CCPSanna) 1%.

**Léiriú 3.3**
Gearán de réir Cineál Scéime i 2007



## LÉIRIÚ 3.4 – ACHOIMRE AR SHREABHADH OIBRE 2007



# CUIDROINN 4
# A BHFUIL FOGHLAMTHA AGAINN

Mar ba ghnáth dom a dhéanamh riamh, bhí mé ag iarraidh a fhoghlaim ó na gearáin éagsúla a tháinig chuig an Oifig agam i rith na bliana agus cuirim an tuarascáil seo ar fáil le súil is go gcabhróidh sí leo siúd atá ag riar na scéimeanna chun cuid de na gaistí riaracháin atá léirithe sna gearáin sin a sheachaint. Tá suntas tugtha freisin sna Cinntí foirmeálta arna n-eisiúint chuig ghearánaithe agus fhreagróirí do na ceachtanna atá foghlamtha, agus is minic dom moltaí a dhéanamh maidir le cén gníomh ba chóir a dhéanamh le nach dtiocfaidh fadhb áirithe chun cinn in athuair. Ina theannta sin aon rud a mhúnlódh polasaí pinsin go ginearálta cuirtear ar aghaidh é go dtí an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh.

## RIARACHÁN PINSIN SEIRBHISE POIBLI

Rinne mé tagairt anuraidh do théama athfhillteach, is é sin don mhoilleadóireacht maidir le comhairle a thabhairt do dhaoine faoina ndliteanas i leith ranníocaí san am atá thart, agus thug an bharúil gur chúis léi den chuid is mó ganntanas foirne sna haonaid aoisliúntais, agus gur rómhinic a fhágtar aoisliúntas faoi sheiftiúlacht Bainisteoirí Acmhainní Daonna a bhíonn go mór faoi bhrú agus nach mbíonn in ann údarás a fháil chun leibhéal cuí foirne a choinneáil ina n-aonaid, ná chun oifigigh leis na gráid chuí a cheapadh chun dul ina gceann. Tagann an fhadhb maidir le dliteanas chun cinn sa chás nach raibh seirbhís roimh ré ináirithe chun chríche pinsin ach go ndearna athruithe ina dhiaidh sin ar reachtaíocht fostaíochta a cheadaigh áireamh na seirbhíse. Thug mé mo bharúil freisin gur bhain cuid den fhadhb le ródhúthracht oifigeach aonair maidir le mionsonraí a thabhairt le chéile.

Ó shin i leith tá i bhfad níos mó taithi faighte ag an Oifig maidir le déileáil le fadhbanna a thagann chun cinn i réimsí na seirbhíse poiblí. Admhaím nuair a ceapadh ar dtús mé gur chuir méid agus castacht na bhfadhbanna a thagann chun cinn i scéimeanna pinsin na seirbhíse poiblí iontas orm. Ba ghearr áfach go raibh sé ríshoiléir dom gurbh fhéidir leis na scéimeanna sin a bheith an-chasta agus go raibh go leor rialacha thar bheith gabhlánach ag baint leo agus go minic rialacha míshoiléire chun déileáil le himthosca difriúla.

In ainneoin sin ar cheann de na gnéithe is suntasaí d’ionramháil scéimeanna seirbhíse poiblí tá an míchothromas sa riarachán. Is léir sin go háirithe nuair a bhíonn an fhreagracht maidir le riarachán scaipthe go forleathan – mar shampla i réimse na nÚdarás Áitiúla na Seirbhísí Sláinte. Ar cheann de na cúiseanna go dtugtar mínithe ginearálta don fhocal “riarthóir” i Rialacháin Fhear an Phobail um Phinsean, bhí go sonrach, go gceadaíonn sin domsa gníomhartha na ndaoine a dhéileáil go hiarbhír le teidlíochtaí ball ar an talamh a iniúchadh, seachas bheith taobh leo siúd a bhfuil freagracht ardleibhéil acu as scéimeanna.

Mar shampla fuair mé gearáin ó Cheardchumainn a dhéanann ionadaíocht do bhaill i gceantair riaracháin difriúla go rabhthas ag caitheamh le dhá dhuine aonair, ar chosúil lena chéile a n-imthosca, ar bhealaí thar bheith éagsúil ag am scoir dóibh, agus gur ar an gceantar a n-oibríonn siad amháin a bhraitheann an cóir a fhaigheann siad. Baineann oifigigh ciall dhifriúil as rialacha den tsraith chéanna agus tagann ar chonchlúidí difriúla. Is léir go mbaineann míchothromas leis sin a himríonn orthu sin atá ar tí éirí as ach seachas sin ní féidir glacadh leis mar chleachtas riaracháin. Níos measa fós is ea gur féidir nach bhfuil sna cásanna a ndírítear m’aird orthu ach céatadán fíorbheag den iliomad cinntí maidir le teidlíocht pinsin a dhéantar laistigh den earnáil phoiblí gach bliain.

## CÉN FÁTH GO DTARLAÍONN SIN?

Is deacair theacht thar an tátal go bhfuil easpa taithí i Rannóga Aoisliúntais i roinnt chodanna den tseirbhís phoiblí. Tá an dearcadh ann gur ionad oibre ar bheagán spreagtha is ea an Rannóg Aoisliúntais, sa chaoi is nach mbíonn fonn ar dhaoine fanacht inti rófhada más féidir leo imeacht aisti. Ar an drochuair, ciallaíonn sin gur daoine a bhfuil an t-eolas agus an taithí de dhíth orthu chun na cinntí cearta a dhéanamh a dhéanann na cinntí céanna. Ní rud é ar féidir a ghnóthachtáil taobh istigh de chúpla mí an t-eolas cuí maidir le haoisliúntas.

Ach in amanna airíonn daoine a fhanann taobh istigh den Rannóg Aoisliúntais sách fada chun an t-eolas a theastaíonn a ghnóthachtáil nach bhfaigheann siad dóthain ómóis ná aitheantais. Tá cultúr sa tseirbhís phoiblí go ginearálta go mbraitheann an té ar fonn leis/léi céim chun cinn a fháil gurb é an bealach is fearr chun é sin a bhaint amach bogadh timpeall agus cuimse taithí a ghnóthachtáil. Is rímhinic a bhaintear úsáid as agallaimh bunaithe ar inniúlacht i gcomórtais le haghaidh ardú céime, agus mheastar go mbeadh sé deacair an fhairsinge riachtanach ó thaobh inniúlachta de a bhaint amach dá mbeifeá sáinnithe i réimse sách casta agus teicniúil ar feadh tréimhse fhada.

Té an dearcadh sin dall ar an bhfíorghá atá le saineolas. Is den riachtanas go n-aithneodh na daoine atá freagrach as bainistíocht Acmhainní Daonna an gá atá leis an eolas seo, agus go gcabhródh siad le daoine le linn dóibh a ngairm bheatha a phleanáil agus go socródh siad plean comharbais dóibh féin ar bhealach a chothódh agus a chaomhnódh an t-eolas seo. Ní féidir an iomarca béime a chur ar luach oiliúna speisialtóra i réimsí a bhfuil an oiread castachta ag baint leo agus atá le haoisliúntais, ach is rómhinic a bhítear aineolach faoi.

Is suntasach gur sa chás go gcoinnítear diansmacht ar na scéimeanna agus go bhfuil foireann speisialtóra ann lena riar, gur lú i bhfad líon na bhfadhbanna. Creidim go bhfuil sé in am go bhfaighfí urlámhas ar riarachán aoisliúntas seirbhíse poiblí go ginearálta, lena chinntiú go mbeidh na daoine a dhéanfaidh cinntí a rachaidh i bhfeidhm ar shaol ball scéimeanna pinsin ar feadh na mblianta atá amach romhainn inniúil agus cáilithe mar is cuí chun na cinntí sin a dhéanamh. Tá sé tábhachtach freisin go bhfaighidh na baill foirne a gheobhaidh agus chuirfidh chun fónaimh an t-eolas speisialtóra is gá chun aoisliúntas a riar mar is cuí an t-aitheantas atá tuillte acu.

## RÉITEACH DÍOSPÓIDÍ INMHEÁNACHA – AN TSEIRBHÍS PHOIBLÍ

Is cúis áthais dom a rá, i ndiaidh dom mo bharúil a thabhairt sa Tuarascáil Bhliantúil don bhliain 2006, gur scríobh Martin Cullen, T.D. a bhí ina Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh ag an am chuig a chomhghleacaithe sa Chomh-aireacht ag iarraidh orthu a chinntiú gur chloí a Ranna agus na gníomhaireachtaí éagsúla a bhí faoina gcoimirce leis na spriocamanna reachtúla maidir le tabhairt chun críche próiseas Réiteach na nDíospóidí Inmheánacha. Ina dhiaidh sin chuir an Roinn Airgeadais Ciorchlán ginearálta amach. Ó shin i leith tháinig feabhas ar an tseirbhís maidir leis an tréimhse ama a thóg sé chun an RDI (réiteach díospóidí inmheánacha) a thabhairt chun críche sa tseirbhís phoiblí go ginearálta, cé go bhfuil réimsí áirithe ann fós nach measfá aon phráinn a bheith ag baint leis ná aon bhaol go mbainfidh.

Tá fianaise starógach ann a chuireann i bhfios go bhfuil roinnt Ranna ann a théann go hiomlán i muinín na Roinne Airgeadais chun a RDI a stiúradh, ar an mbonn, b’fhéidir, go bhfuiltear in éagmais an saineolais chun é a láimhseáil go hinmheánach mar a luaigh mé níos luaithe. Ach má théitear féin níltear ag caitheamh go cóir leis an Roinn Airgeadais agus táthar ag baint an bonn den phróiseas de bhrí go bhfuil, in go leor cásanna ar aon chaoi, foráil ann maidir le tarchur chuig an Aire. Níor chóir go mbeadh ar an Roinn airgeadais an próiseas iomlán a sheoladh ó thús deireadh.

Bhí drogall orm úsáid a bhaint as na cumhachtaí a tugadh dom anuraidh, is é sin an próiseas a mheas mar ídithe de réir a théarmaí féin más rud é nach bhfuil sé curtha i gcrích laistigh de thrí mhí, nó de cibé tréimhse níos faide ná sin a mheasfaidh mé a bheith iomchuí. Is é an fáth atá leis sin go mbaineann tábhacht le cinntí an phróisis RDI mar phointe tosaigh i ndáil le mo imscrúdú foirmeálta agus go mbfhearr liom go mór go mbeadh siad ar fáil dom roimh ré. Ach fós féin ní fearrde an ceart moill fhada ag cur an phróisis i gcrích agus is éagóir í orthu sin a dhéanann gearáin – go háirithe i gcás iadsan ar féidir gurb é is bunús lena ngearáin ar an gcéad dul síos moilleadóireacht maidir le sochair a íoc nó le heolas a thabhairt.

É sin uile ráite, ba chóir dom a chur in iúl go bhfuil réimsí sa tseirbhís phoiblí nár chruthaigh próisis RDI mórán fadhbanna iontu. Is í an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí a sheolann nósanna imeachta RDI ar son bhaill An Garda Síochána agus go ginearálta bíonn a nósanna imeachta sin críochnaithe laistigh den spriocam. Réimse eile inar gnáth an críochnú in am is ea réimse an Údaráis Áitiúil.

## RDI NA HEARNÁLA PRÍOBHÁIDÍ

Go ginearálta bhí an géilliúntas i leith teorainneacha ama RDI réasúnta san earnáil phríobháideach. Tá formhór na n-iontaobhaithe agus go háirithe iontaobhaithe gairmiúla feasach faoina gcuid oibleagáidí maidir le réiteach díospóidí. Ní raibh orm an próiseas a mheas mar ídithe ach i mbeagán cásanna. In aon chás faoi leith sular tháinig na hathruithe sa reachtaíocht le gairid, bhí orm a chur in iúl do chuideachta amháin a bhí ina hiontaobhaí di féin nár mheas mé é bheith inghlactha go scríobhfaí chuig ghearánaí dhá mhí tar éis glacadh leis an ngearáin tionscnaimh ag iarraidh breis eolais agus soiléirithe. Is mí-úsáid próisis é sin agus go deimhin ní ceadófar síneadh a chur leis an teorainn ama ina leithéidí sin de chásanna.

Ach in go leor cásanna a bhaineann leis an earnáil phríobháideach, molaim go dtarscaoilfí an próiseas go huile agus go hiomlán. Is i ndáil le Scéim Pinsin Oibreoirí Tógála is mó a tharlaíonn sin agus bíonn formhór na ngearán i gcoinne fostaitheoirí de bhrí gur chlis orthu ranníocaí a íoc. Sna cúinsí sin ní bheadh ann ach seafóid ceist RDI a ardú leis na hiontaobhaithe. Tharscaoil mé an próiseas freisin i roinnt cásanna eile, i gcás go raibh an scéim reoite, i gcás go ndearnadh an gearán i gcoinne an fhostaitheora féin, nó i gcoinne an fhostaitheora ina cháil mar iontaobhaí.

## CÉ CHOMH HÉIFEACHTÚIL ATÁ RDI?

Ní féidir an cheist a fhreagairt faoi láthair. In go leor cásanna tagann an Oifig agam ar an eolas maidir le gearáin nuair a thagann an gearánaí go díreach chugainn agus is féidir ansin é a chur faoi bhráid an RDI. Níos minice ná a mhalairt is é sin a tharlaíonn i scéim Údaráis Phoiblí murab amhlaidh, de bharr nádúr na ceiste, gur féidir leis an údarás lena mbaineann déileáil léi go héasca - mar shampla, sa chás nach soiléir an fhaisnéis a tugadh nó sa chás go dteastaíonn léirmhíniú.

Nuair a chuirtear cás faoi bhráid an RDI, is féidir nach gcloisfimid níos mó faoi – is féidir go réiteofar an fhadhb tríd an bpróiseas RDI. Ní chloisfimid faoi arís ach amháin má tá an gearánaí fós míshásta.

In ainneoin sin is feasach dom go bhfuil go leor cásanna a chuirtear ar aghaidh chuig an rannóg um réiteach díospóidí inmheánacha, agus nach dtagann chomh fada le mo Oifig go mbí an próiseas iomlán críochnaithe agus go dtí gur mian leis an duine lena mbaineann dul ar aghaidh go dtí céim imscrúdaithe an ghearáin nó na díospóide. Níl tuairim agam faoi cé mhéid cásanna atá ann nár chualamar riamh fúthu toisc gur réitigh RDI an fhadhb. Tá sé i gceist agam cúnamh a iarraidh ón tionscnamh pinsin agus ó ghníomhaireachtaí Stáit le go mbeidh tuairim agam faoi éifeachtúlacht réiteach díospóidí inmheánacha tríd is tríd.

## LÁIMHSEÁIL GHEARÁN GO GINEARÁLTA

Tá cuimse daoine ann nach léir dóibh gur gníomh míriaracháin atá ann nuair a loictear gearáin a láimhseáil ar mhodh pras, cothrom, béasach agus réasúnta. Dúirt Ombudsman Parliamentary and Health Service an Ríocht Aontaithe go ndéanann sí cinneadh dá leithéid in amanna, fiú mura bhfuil sí in ann seasamh leis an ngearán féin. Ar an drochuair, níl an chumhacht agam faoi Acht na bPinsean aon bhreith a thabhairt ina leithéidí de imthosca – má tá aon chailliúint sochar scéime níl mé in ann aon sásamh a ordú.

I dtionscal na seirbhísí Airgeadais go ginearálta, bíonn nósanna imeachta réitigh ann agus in go leor cásanna tá an cuma air go bhfeidhmíonn siad go maith. I dtionscal na bpinsean, bíonn caighdeáin éagsúil go maith lena chéile. Níl aon fáth chun a creidiúint gur fearrde nó gur measaide an caighdeán maidir le láimhseáil gearán an scéim a bheith riartha "istigh", nó a bheith eisfhoinsithe ag riarthóir gairmiúil, cé go mbíonn fianaise ann amanna go mbíonn níos mó drogaill ar an té sin a d(h)earmad a admháil. Déarfainn gur saolaíodh roinnt mhaith de na gearáin a tháinig chomh fada linn agus a ndearnadh gearáin díobh de bharr loiceadh éigin an gearán a láimhseáil go cuí ag na céimeanna luaithe go minic, creidim, toisc nár glacadh go dáiríre leis an ngearán ná leis an ngearánaí.

Is féidir déileáil le roinnt ghearán trí rudaí a mhíniú go simplí. I gcás go leor riarthóirí áfach is cineál dúshláin dóibh a bheith "Simplí" agus go leor de na gearáin a thagann chomh fada le mo hOifig faightear réitithe iad iarbhír tríd an t-am a theastaíonn chun an fhaisnéis atá faighte cheana féin ag an ngearánaí a shimpliú nó a shoiléiriú. I gcásanna eile, is leor leithscéal a ghabháil – ach níor tugadh sin chun aitheantais luath go leor sa phróiseas.

Iarrfainn ar iontaobhaithe agus ar “riarthóirí cláraithe” nuair is ann dóibh – a chinntiú go ndéanfar athbhreithniú ar na caighdeáin atá acu maidir le láimhseáil ghearán, agus go ndéanfar iad a ardú más gá. Tá gá le nósanna imeachta soiléire, atá sothuigthe agus a bhfuil teacht orthu go héasca. Ba chóir go mbeadh an fhreagairt i gcomhréir le riachtanais agus le himthosca an ghearánaí agus go dtabharfaí go híogair í, agus ba chóir mínithe agus cúiseanna a thabhairt maidir le cinntí nuair is cuí. Ba chóir go mbeadh nósanna imeachta neamhspleách ar an tá a rinneadh an cinneadh i dtús báire, agus ba chóir éisteacht leis an dá insint ar an scéal. Ba chóir úsáid a bhaint as an leigheas cuí agus go gcuirfí san áireamh na caillteanais iarbhír arb í an mhoill ar íocaíocht, mar shampla, ba chúis leo.

Thar aon rud eile is fiú ceacht a fhoghlaim ó na botúin a dhéantar agus go mbeadh siad in a spreagadh chun feabhas a chur ar sheirbhísí nuair atá siad imithe as ord, d’fhonn a leithéidí d’fhaillíocha a sheachaint sa todhchaí.

## AG FOGHLAIM Ó NA GEARÁIN

Is trí cheacht a fhoghlaim ó bhotúin a sheachnófar go ndéanfar iad in athuair agus is den tábhacht i ndáil le réiteach díospóidí go ndéanfaí sin. Sin fáth amháin go bhfoilsím Achoimre na gCásanna gach bliain in éindí leis an Tuarascáil Bhliantúil. Cuirim faisnéis ar ais chuig lucht déanta beartas agus chuig rialaitheoirí nuair is amhlaidh go mbeidh dearadh scéime nó táirgí ina ábhar trioblóide do bhaill agus do dhaoine eile.

Faraor is deacair leigheas a fháil ar mhíriarachán áirithe. Faighim dalladh gearán go tráthrialta ó oibreoirí sa tionscal tógála gach bliain maidir le neamhíocaíocht ranníocaí chuig Scéim Pinsin Oibreoirí Tógála (SPOT). Ar an drochuair ní thagann cuid de na gearáin sin chun cinn go dtí go mbíonn cuideachta imithe as gnó cheana féin, agus b’fhéidir faoi leachtú. Is cúis díomá go bhfuil sin ag éirí níos coitianta sa tionscal sin. Tá fianaise ann áfach go bhfuil roinnt fostaitheoirí - tar éis comhairle a fháil óna gcomhairleoirí airgeadais - ag éirí as bheith ag trádáil nó fiú as bheith ag cur cuideachtaí faoi leachtú, agus ag dul i mbun gnó díreach tar éis sin faoi ainm eile. I gcás atá á bhreithniú faoi láthair dúirt an comhairleoir nach raibh aon eolas aige faoi imeacht dá leithéid cé gur thaispeáin sé gurbh eisean an té a thíolaic an chuideachta nua lena clárú.

Bhí roinnt cásanna againn i mbliana nach rabhthas ábalta sochair mhortlaíochta a bhí iníoctha faoin SPOT a íoc, toisc nach raibh an fostaí a bhí i gceist cláraithe sa scéim nó nach raibh dóthain ranníocaí íoctha. Má tharlaíonn sin cosnóidh sé €63,500 ar an bhfostaitheoir ar a laghad. Má bhíonn páistí cleithiúnacha i gceist d’fhéadfadh sé bheith i bhfad níos mó. Ní thuigim cén fáth nach mbreathnaíonn na fostaitheoirí sin níos faide ar aghaidh. Is minic go mbíonn an costas a tharraingíonn siad orthu féin sa chás go nochtar an mhainneachtain i bhfad níos mó ná mar a shíleann siad go bhfuil siad ag spáráil trí chaimiléireacht a dhéanamh ar a bhfostaithe.

Ba chóir dom a rá go dtagann an chuid is mó de na litreacha a fhaighimid ó Aturnaetha a dhéanann ionadaíocht ar son an tionscail tógála. Go n-uige seo níor éirigh le haon duine acu cosc a chur ar imscrúdú cé go ndearnadh iarrachtaí costasacha agus bríomhara chun é sin a dhéanamh. Ba mhaith liom foláireamh a thabhairt d’fhostaitheoirí sa tionscal seo gurbh fhearr dóibh a gcuid airgid a chaitheamh ag comhlíonadh a gcuid dualgas agus ag íoc na ranníocaí.

## INFHEISTÍOCHT

Is ábhar cainte an infheistíocht a bhfuil níos mó aird á thabhairt air go háirithe ós rud é go bhfuil an oiread anoird sna margaidh infheistíochta is atá. Ní féidir an iomarca béime a chur ar dhualgas iontaobhaithe féachaint chuige go n-infheisteofar acmhainní scéime ar mhodh cuí agus go mbeidh cur chuige tromchúiseach acu sa réimse seo le linn dóibh a n-oibleagáidí i leith ball scéime a chomhall. Bhain cás amháin i mbliana le loiceadh iontaobhaithe a thaispeáint, i gcomhthéacs scéim a fhoirceannadh, go ndearna siad aon mhachnamh riamh maidir le dí-infheistiú na maoine a ionadaíonn RDBanna. Ba léir nár tugadh aon aird ar an gceist seo chor ar bith cé gur maíodh i leith na n-iontaobhaithe “nár chreid siad go mbeadh sé chun leasa na mball imeacht as an margadh le linn na tréimhse foirceanta.” Ní raibh aon fhianaise go raibh sin fíor agus, nuair a chuaigh na hiontaobhaithe i mbun gnímh faoi dheireadh, bhí sé ródheireanach chun cosc a chur le caillteanas suntasach. Deonaíodh costais de níos mó ná €35,000 ar an ngearánaí.

Sa chás seo freisin níor mheas mé mar mhíriarachán an mhoill iarbhír maidir le riarachán na RDBanna, os rud é nárbh fholáir déileáil leo céim ar chéim le sochair na príomhscéime agus ar chúiseanna áirithe cuireadh moill ar fhoirceannadh na príomhscéime. Ach maidir leis an bhfaillí a rinne na riarthóirí gan fhreagairt a thabhairt ar fhiosruithe an ghearánaí thar tréimhse deich mí, ní raibh aon dabht ach gur míriarachán a bhí i gceist ansin.

Rinneadh roinnt gearán ar chúis leo gur meascadh le chéile an phríomhinfheistíocht ciste (sochar sainithe) agus RDBanna agus íocaíochtaí aistritheacha a bhí le bheith infheistithe ar bhonn ranníocaíochta sainithe, rud a d’fhág gur chaill na baill airgead. Is mian liom a rá le riarthóirí agus le hiontaobhaithe go mbreathnófar i gcónaí air sin mar ghníomh míriaracháin, murar féidir a thaispeáint gur cinneadh measta a bhí ann seachas staid réamhshocraithe de bharr leisce nó faillí.

Ceanglaítear sna rialacháin reatha go n-infheisteoidh iontaobhaithe airgead, ag féachaint “do chineál agus do thréimhse mharthana na ndliteanas“ a mheastar a bheith ag an scéim. Ligeann roinnt riarthóirí agus iontaobhaithe orthu go gcreideann siad gur idé úrnua atá anseo. Mí hamhlaidh atá. Níl ann ach go gcuirtear i bhfocail rud a bhí ina bhundualgas ag iontaobhaithe scéimeanna pinsin riamh – is é sin straitéis infheistíochta atá meáite go cuí, nárbh fhéidir a fhoirmliú gan na tosca sin a chur san áireamh, a ghlacadh agus ansin a choinneáil leis. In go leor cásanna cuireann iontaobhaithe a muinín sa nóisean nach foláir dóibh aon rud a dhéanamh ach suí síos agus fanacht ar threoracha ó bhaill scéime ar minic iad gan aon fhaisnéis chun dáta maidir le cén chaoi a n-infheistítear a gcistí. Ach amháin faoi choinníollacha áirithe deimhnithe is ar na hiontaobhaithe atá an t-aon fhreagracht dá bhfuil ann maidir le hinfheistíocht agus tá sé in am d’iontaobhaithe uile ach d’iontaobhaithe gairmiúla go háirithe dúiseacht a bhaint astu féin agus freagracht as na baill a ghlacadh.

## SPRIOCSHOCHAIR

Baineann trioblóid leis na scéimeanna seo i gcónaí. Ar na fadhbanna tá easpa soiléire maidir le cineál neamhráthaithe na ngealltanas sochair seo agus easpa cinnteachta maidir leis na sochair a bheidh iníoctha ar dheireadh thiar. In éagmais soiléire téann na baill ar iontaoibh a míniúcháin féin maidir le céard is féidir bheith ag súil leis nó measann siad gurb é an spriocshochar leibhéal iarbhír an tsochair iníoctha agus is minic dul amú orthu sna míniúcháin sin. Go minic bíonn siad ag brath ar ghealltanais sochair shainithe a tugadh dóibh roimh ré sular cuireadh an socrú spriocdhírithe in n-áit gan é a mhíniú dóibh i gceart. I gcás áirithe amháin a cuireadh faoi mo bhráid, bhí a raibh an gearánaí ag dréim leis nach mór a dhá oiread an méid a raibh sé ina theideal iarbhír.

Gné shuntasach den chás sin ab ea iompar bacúil agus diúltach an fhostaitheora, arbh iontaobhaí na scéime é freisin, maidir leis na ceisteanna a d'ardaigh an Oifig agus Bord na bPinsean. Táthar dóchasach go mbeidh an córas nua le fíneálacha ar an bhfód éifeachtúil i gcoinne daoine dá leithéid, de réir thuairim an Bhoird ar a laghad. Ó mo thaobhsa tá sé de rún agam comhoibriú a fhorfheidhmiú trí na cúirteanna más gá. Má tharlaíonn sin ní féidir ainmneacha a choinneáil faoi rún agus is iadsan a bheidh thíos leis agus caillfidh siad níos mó ná cás cúirte lena linn.

## DREASACHT SSIA

Nuair a tháinig an tionscnamh SSIA chun aibíochta bhí go leor daoine ag breathnú i ndiaidh "baile" nua dá gcuid airgid, agus éilíodh ar an Rialtas dreasacht bhreise a thabhairt dóibh siúd ar mhian leo airgead a íoc isteach sa shocrú pinsin agus rinne an Rialtas freagairt ar an éileamh. Rinneadh sin go feadh méid teoranta – íocadh fordheontas de €2,500 le scéim pinsin nó le CCPSanna dóibh siúd a d'infheistigh €7,500 ar an dóigh seo. Íocadh cuid d'aon cháin aibíochta ar an gcoigilteas SSIA leis an socrú pinsin freisin.

Cé nach raibh sé ceaptha do phinsinéirí, léirigh siadsan suim mhór sa dreasacht agus is minic a léirigh siad a míshástacht gur bhain uasteorainn aoise de 75 bhliain le CCPS. Feictear go raibh lear mór daoine a bhain áis as socrú na dreasachta SSIA ar neamhthuiscint go raibh siad ag cur an t-airgead a bhí siad ag aistriú isteach i scéim SSIA nó i bpinsin faoi réir dliteanas cánach, bíodh is gur bhreathnaigh siad ar an airgead a bhí siad ag infheistiú mar chaipiteal dá gcuid féin a bhí coigilte as ioncam ar íocadh cáin air cheana. Cé go bhfaigheadh cáiníocóir ar an ráta caighdeánach cánach ghnóthachan beag as an socrú dreasachta ní raibh sé deartha chun brabús substaintiúil a thabhairt dó sa ghearrthéarma.

Níl rud níos cinnte ná nár dearadh é do na cáiníocóirí ar an ráta ard agus fuarthas méid áirithe gearán ó dhaoine a chaill airgead toisc nach raibh siad ar an eolas faoi sin. Má bhí aon amhras ann gur dhíol faoi dhúmas bréige a bhí i gceist sheolfaí chuig Fhear an Phobail um Airgeadais iad, ach in go leor cásanna, níor ghlac siad comhairle ar chor ar bith sula ndearna siad an infheistíocht.

# ROINN 5
# CONCLÚIDÍ

Uair amháin eile, mar a tharla i ngach bliain go n-uige seo, tháinig méadú mór ar na gearáin a chuireadh chuig an Oifig. Tá mé sásta a rá áfach gur tháinig feabhas ar ráta dhúnadh na gcomhad, de bharr méadú ar acmhainní, rud a bhfáiltítear go mór leis. In ainneoin sin, is eol dom gur dóigh go dtiocfaidh méadú arís ar líon na ngearán sa chéad chuid de 2008. Tá an córas nua chun lorg na ngearán a leanúint ag feidhmiú. Creidim go rachaidh sé go mór chun tairbhe le linn dó bheith ag feidhmiú ach ní féidir bheith ag súil leis nach mbeidh modhnuithe beaga ag teastáil sula mbeidh sé ag oibriú ar bharr a mhaitheasa.

Den mhórchuid mór is de bharr dhúthracht na foirne, a sholúbtha is atá siad, a ndeá-thoil i mbun oibre agus an cumas atá acu bheith gealgháireach fiú i gcúinsí mífhabhracha a bhíomar in ann an oiread gearán a phróiseáil le hacmhainní an-teoranta. Is pribhléid dom bheith ag obair leo.

Ar an taobh eile faror, tá sé ag éirí níos soiléire le himeacht na mblianta go mbuailtear arís le go leor de na tuathail ar bhuaileamar leo roimhe seo agus gur minic gurb iad na daoine céanna a dhéanann iad agus ar theip orthu ceacht a fhoghlaim óna bhfuil tarlaithe roimhe seo. Foilsítear Achoimre na gCásanna gach bliain in éindí leis an Tuarascáil Bhliantúil le súil is go bhfoghlaimeoidh iadsan a léifidh é ceacht ó bhotúin daoine eile.

Tá sé ráite agam arís is arís eile go bhféadfaí an t-uafás gearán a sheachaint dá gcaithfí beagán níos mó ama agus dá ndéanfaí iarracht bhreise ar chumarsáid níos fearr a chothú. Ní theastaíonn ach ábhairín níos mó díograise i mbun oibre chun Béarla sothuigthe a chur ar rud ná mar a theastaíonn chun é a dhéanamh dothuigthe. Is ábhar casta ábhar na bpinsean, ach níl aon ghá go ndéanfadh foclaíocht na cumarsáide níos deacra fós é.

# ROINN 6
# CUNTAIS AIRGEADAIS

Is é an Státchiste ag feidhmiú tríd an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh a mhaoiníonn Oifig Fhear an Phobail um Pinsin.

Admhaíonn an Oifig tacaíocht leanúnach na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh i dtaca lena hoibleagáidí Párolla agus Cuntais.

## CUNTAIS BHLIANTÚLA LE HAGHAIDH 2007


Is é an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste a d'iniúch na ráitis airgeadais don bhliain 2007 atá leagtha amach in Aguisín 6 agus tíolactar iad don Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh lena gcur faoi bhráid an Oireachtais.

Tá na costais a ghabhann leis an Oifig a choinneáil ag imeacht i 2007 leagtha amach i dTábla 6.1.

## TÁBLA 6.1 - COSTAIS A GHABHANN LEIS AN OIFIG A CHOINNEÁIL AG IMEACHT I 2007

| | **2007**<br>**€** |
|---|---|
| Costais Foirne | *649,249* |
| Caiteachas Riaracháin | *209,989* |
| Caiteachas Caipitil | *53,387* |
| **Costais Reatha Iomlána** | *912,625* |

**Léiriú 3.4**
Costais Reatha Iomlána



# AGUISÍN 1

# OIFIG FHEAR AN PHOBAIL UM PINSIN SOLÁTHAR FOIRNE AG DEIREADH 2007

Paul Kenny
*Fear an Phobail um Pinsin*

Joe Timbs
*Stiúrthóir*

Joan Bray
*Imscrúdaitheoir*

Catriona Collins
*Imscrúdaitheoir*

Ciaran Creagh
*Imscrúdaitheoir*

John Sheehan
*Imscrúdaitheoir*


Joe Dempsey
*Bainisteoir Oifige*

Michelle O'Keeffe
*Tacaíocht Imscrúdaithe*

Darina Breen
*Oifigeach Cléireach*

Colette Coghlan
*Oifigeach Cléireach*

# AGUISÍN 2
# CÉN CHAOI A BPRÓISEÁILTEAR GEARÁN




* Ní tharlaíonn ach i gcásanna a measann Fhearan Phobail um Pinsin go bhfuil sé inmhianaithe

# AGUISÍN 3

## BRISEADH SÍOS AR GHEARÁIN 2006 AGUS 2007 DE RÉIR LÁITHREACH

| Láthair | 2006 | 2007 |
|---|---|---|
| Ceatharlach | 6 | 9 |
| An Cabhán | 1 | 5 |
| An Clár | 9 | 9 |
| Corcaigh | 63 | 78 |
| Dún na nGall | 7 | 12 |
| Baile Átha Cliath | 167 | 172 |
| Gaillimh | 15 | 23 |
| Ciarraí | 7 | 10 |
| Cill Dara | 21 | 22 |
| Cill Chainnigh | 5 | 9 |
| Laois | 5 | 10 |
| Liatroim | 4 | 1 |
| Luimneach | 28 | 21 |
| An Longfort | 3 | 2 |
| Lú | 7 | 5 |
| Maigh Eo | 9 | 10 |
| An Mhí | 21 | 12 |
| Muineachán | 1 | 2 |

| Láthair | 2006 | 2007 |
|---|---|---|
| Uíbh Fhailí | 5 | 3 |
| Ros Comáin | 2 | 4 |
| Sligeach | 6 | 5 |
| Tiobraid Árann | 7 | 6 |
| Port Láirge | 11 | 11 |
| An Iarmhí | 1 | 4 |
| Loch Garman | 11 | 11 |
| Cill Mhantáin | 5 | 10 |
| An Astráil | 0 | 1 |
| An Bheilg | 1 | 2 |
| An Fhrainc | 1 | 0 |
| An Ghearmáin | 0 | 1 |
| An Phortaingéil | 1 | 1 |
| an Spáin | 0 | 1 |
| An Ríocht Aontaithe | 9 | 9 |
| Clárúchán Anaithnid | 0 | 34 |
| **Foriomlán** | **439** | **515** |
| | | |

# AGUISÍN 4
# CINEÁL NA NGEARÁN 2006 AGUS 2007

| Cineál na nGearán 2006 | Iomlán | | Cineál na nGearán 2007 | Iomlán | |
|---|---|---|---|---|---|
| Coinníollacha ballraíochta / iontrála | 87 | 20% | Ríomh sochar | 174 | 34% |
| Téarmaí tagartha seachtracha | 56 | 13% | TTS | 56 | 11% |
| Ríomh sochar | 49 | 11% | Coinníollacha ballraíochta / iontrála | 39 | 8% |
| Íocaíocht ranníocaí | 47 | 11% | Fiosrú ginearálta | 32 | 6% |
| Aistrithe | 30 | 7% | Aistrithe | 26 | 5% |
| Fiosrú ginearálta | 20 | 5% | Íocaíocht mhícheart /dhéanach/neamhíoc | 25 | 5% |
| Méaduithe iarscoir | 19 | 4% | Ríomh blianta seirbhíse | 17 | 3% |
| Ríomh seirbhíse | 18 | 4% | Íocaíocht ranníocaí | 16 | 3% |
| Sochair chéilí agus cleithiúnaithe | 18 | 4% | Foilsiú Faisnéise | 14 | 3% |
| Foilsiú Faisnéise | 15 | 3% | Loiceadh scéime freagairt a thabhairt | 13 | 3% |
| Loiceadh scéime freagairt a thabhairt | 14 | 3% | Íocaíocht ranníocaí fostaitheora | 12 | 2% |
| Foirceannadh | 12 | 3% | Luathscor | 11 | 2% |
| Faisnéis mhícheart agus caillteanas airgeadais dá bharr | 10 | 2% | Caomhnú sochar | 11 | 2% |
| Ranníocaí deonacha breise | 8 | 2% | Ranníocaí deonacha breise | 9 | 2% |

| Cineál na nGearán 2006 | Iomlán | | Cineál na nGearán 2007 | Iomlán | |
|---|---|---|---|---|---|
| Ranníocaí deonacha breise | 8 | 2% | Ranníocaí deonacha breise | 9 | 2% |
| Luathscor | 7 | 2% | Sochair chéilí agus chleithiúnaithe | 8 | 2% |
| Drochshláinte | 6 | 1% | Méaduithe iarscoir | 7 | 1% |
| Méadú/feabhsú sochar | 5 | 1% | Méadú/feabhsú sochar | 7 | 1% |
| Íocaíocht mhícheart/dhéanach/neamhíoc | 3 | 1% | Ag díol faoi dhúmas bréige | 7 | 1% |
| Aisíoc ranníocaí | 2 | 0.5% | Íocaíocht ranníocaí fostaithe | 5 | 1% |
| Sochar Sainithe v Ranníoc Sainithe | 2 | 0.5% | Drochshláinte | 5 | 1% |
| Caomhnú sochar | 1 | 0.0% | Gearán ilghnéithe | 2 | 0.4% |
| Iomalartú pinsin | 1 | 0.0% | Aisíoc ranníocaí | 2 | 0.4% |
| An Cheist um Chomhionannas Córa | 1 | 0.0% | An Cheist um Chomhionannas Córa | 2 | 0.4% |
| **Iomlán** | **439** | **100%** | Faisnéis mhícheart agus caillteanas airgeadais dá bharr | 2 | 0.4% |
| | | | Sochar Sainithe v Ranníoc Sainithe | 1 | 0.2% |
| | | | Neamhghéilliuntas Cinnidh Dheireanaí | 1 | 0.2% |
| | | | Cinneadh fós gan bheith déanta | 1 | 0.2% |
| | | | Úsáid farasbairr | 1 | 0.2% |
| | | | **Iomlán** | **515** | **100%** |

# AGUISÍN 5

# ACHOIMRE AR SHREABHADH AIRGID AGUS ANAILÍS AR DHÚNADH COMHAD I 2007


| Achoimre ar Shreabhadh Airgid | 2007 | |
|---|---|---|
| Idir lámha ag tús na bliana | 423 | |
| Faighte i rith na bliana | 515 | |
| **Iomlán don bhlian** | **938** | |
| Dúnta i rith na bliana | 584 | |
| | | |
| **Idir lámha ag deireadh na bliana** | **354** | |
| | | |
| **Achoimre ar Dhúnadh Comhad** | | |
| Líon na gComhad Dúnta | 584 | |
| Seachtainí go dtí dúnadh ar an meán | 37.67 | |
| Seachtainí is faide go dtí dúnadh | 211.86 | |
| Líon is lú seachtainí go dtí dúnadh | 0.4 | |
| | | |
| **Dúnadh de réir Cinnidh Fáth Líon % den Iomlán** | | |
| Eadarscáil Rathúil | 159 | 27% |
| Comhairle Ghinearálta Tugtha | 150 | 26% |
| TTS - Gan bheith faoi shainchúram PO - fáthanna éagsúla | 43 | 7% |
| Eadarscáil Neamhrathúil | 38 | 7% |
| Gearán nach ndeachthas ar aghaidh leis | 35 | 6% |
| Cinneadh Deiridh - Diúltú Do Ghearán | 34 | 6% |
| Furathas comhairle re RDI - gan aon teagmháil eile | 34 | 6% |
| Cinneadh Deiridh – Seasamh le Gearán | 30 | 5% |
| TTS- Fear an Phobail eile/Rialtóir/Eagraíocht | 22 | 4% |
| TTS – Cás SW | 21 | 4% |
| TTS - Taobh Amuigh den Am | 16 | 3% |
| TTS - An Cheist um Chomhionannas Córa | 1 | 0% |
| TTS – Gearán Grúpa | 1 | 0% |
| *IOMLÁN* | *584* | *100%* |

| Líon Seachtainí go Dúnadh | | |
|---|---|---|
| Níos mó ná 5 seachtaine thar am | 166 | 28% |
| 5 – 10 seachtaine | 55 | 9% |
| 30 - 35 seachtaine | 44 | 8% |
| 10 - 15 seachtaine | 27 | 5% |
| 15 - 20 seachtaine | 26 | 4% |
| 45 - 50 seachtaine | 22 | 4% |
| 35 - 40 seachtaine | 21 | 4% |
| 20 - 25 seachtaine | 20 | 3% |
| 25 - 30 seachtaine | 19 | 3% |
| 40 - 45 seachtaine | 12 | 2% |
| Níos mó ná 50 seachtaine | 172 | 29% |
| *IOMLÁN* | *584* | *100%* |
| * TTS – Téarmaí Tagartha Seachtracha Fhear an Phobail um Pinsin | | |
| ** RDI – Nós imeachta Réiteach Díospóidí Inmheánacha | | |

# AGUISÍN 6

# LÍON NA NGEARÁN A FUARTHAS DE RÉIR MÍOSA 2006 AGUS 2007

| Mí | 2006 | % den Iomlán | 2007 | % den Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| Eanáir | 35 | 8% | 42 | 8% |
| Feabhra | 25 | 6% | 44 | 9% |
| Márta | 47 | 11% | 39 | 8% |
| Aibreán | 47 | 11% | 42 | 8% |
| Bealtaine | 40 | 9% | 50 | 10% |
| Meitheamh | 33 | 7% | 31 | 6% |
| Iúl | 33 | 7% | 38 | 7% |
| Lúnasa | 32 | 7% | 33 | 6% |
| Meán Fómhair | 43 | 10% | 51 | 10% |
| Deireadh Fómhair | 39 | 9% | 53 | 10% |
| Samhain | 42 | 10% | 54 | 10% |
| Nollaig | 23 | 5% | 38 | 7% |
| **Iomlán** | **439** | **100%** | **515** | **100%** |



# AGUISÍN 7

# RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN A CHRÍOCHNAIGH 31 NOLLAIG 2007

## TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE A CHUIRFEAR FAOI BHRÁID THITHE AN OIREACHTAIS

Tá ráitis airgeadais Oifig Fhear an Phobail um Pinsin don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2007 iniúchta de réir Alt 143 (2) d'Acht na bPinsean, 1990 arna leasú.

Is éard atá sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh de réir na bpolasaithe cuntasaíochta dá bhforáiltear ansin, Ráiteas na bPolasaithe Cuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe agus nótaí gaolmhara.

## FREAGRACHTAÍ FHEAR AN PHOBAIL UM PHINSIN AGUS AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE FAOI SEACH

Tá Fear an Phobail um Phinsin freagrach as ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir le hAlt 143 d'Acht na bPinsean, 1990 arna leasú agus as rialtacht na mbeart a chinntiú. Is é Fear an Phobail um Phinsin a ullmhaíonn na ráitis airgeadais de réir an Ghnáthchleachtais Chuntasaíochta a nglactar leis in Éirinn.

Tá sé de fhreagracht orm na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir ceanglas rialúcháin agus dlíthiúil ábhartha agus de réir Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (RA (An Ríocht Aontaithe) agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim maidir le cé acu léargas fíorcheart nó nach é a thugann na ráitis Airgeadais de réir an Ghnáthchleachtais Chuntasaíochta a nglactar leis in Éirinn. Tuairiscím freisin mo thuairim faoi cé acu a coinníodh leabhair chuí chuntais nó nár coinníodh. Ina theannta sin, deirim cé acu atá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais nó nach bhfuil.

Tuairiscím aon chás ábhartha nár caitheadh airgead faoi chomhair na gcuspóirí a bhí ceaptha dó nó nach bhfuil na bearta i gcomhréir leis na húdaráis atá á rialú.

Tuairiscím freisin mura bhfuil an fhaisnéis agus na míniúcháin uile a theastaíonn chun críocha an iniúchta faighte agam.

## BUNÚS NA TUAIRIME INIÚCHTA

Le linn dom m'fheidhm mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste a fheidhmiú rinne mé an iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (RA agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta agus faoi threoir na n-imthosca speisialta a bhaineann le Comhlachtaí Stáit i dtaca lena mbainistiú agus lena bhfeidhmiú. Cuimsíonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, ar fhianaise atá ábhartha i leith méideanna agus nochtadh agus rialtacht na mbeart

airgeadais atá áirithe sna ráitis airgeadais. Cuimsíonn sé freisin measúnú ar na meastacháin agus ar na breitheanna suntasacha a rinneadh le linn ullmhúcháinna na ráiteas airgeadais, mar aon le measúnú i dtaobh oiriúnacht na bpolasaithe cuntasaíochta do chúinsí Fhear an Phobail um Pinsin, ar cuireadh i bhfeidhm go comhréireach agus ar nochtadh go leordhóthanach iad.

Phleanáil mé agus rinne mé an iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na míniúcháin uile a shíl mé bheith riachtanach chun fianaise leordhóthanach a bhailiú le go mbeadh cinnteacht réasúnta ann go raibh na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu calaois nó mírialtacht nó earráid eile ba chúis leis. Le linn dom mo thuairim a fhoirmiú, rinne mé meastóireacht freisin ar leordhóthanacht léiriú na faisnéise sna ráitis airgeadais.

## TUAIRIM

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart de réir an Ghnáthchleachtais Chuntasaíochta a nglactar leis in Éirinn ar staid ghnóthaí Oifig Fhear an Phobail um Pinsin an 31 Nollaig 2007 agus ar a hioncam agus a caiteachas don bhliain dar chríoch an dáta sin.

Is é mo thuairim gur choinnigh Fear an Phobail um Pinsin leabhair chuí chuntais. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Le haghaidh agus thar ceann an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

25 Meitheamh 2008

# RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS FREAGRACHT AS AN GCÓRAS RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

Is Oifig bheag in aon aonad amháin Oifig Fhear an Phobail um Pinsin. Tá foireann deichniúr ann, lena n-áirítear Fear an Phobail, Stiúrthóir, ceithre imscrúdaitheoir, bainisteoir oifige agus trí oifigeach breise. Is ormsa mar Fhear an Phobail atá an fhreagracht a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh coinnithe ar siúl agus ag feidhmiú.

Is féidir leis an gcóras cinnteacht réasúnta a sholáthar ach ní féidir leis cinnteacht absalóideach a sholáthar go mbeidh sócmhainní faoi choimirce, go mbeidh idirbhearta údaraithe agus cláraithe mar is cuí agus go gcuirfear cosc ar earráidí ábharacha nó go mbraithfear iad laistigh de thréimhse thráthúil.

Lena chinntiú go mbeidh córas éifeachtúil rialú airgeadais ann tá bearta glactha agam agus ag foireann na hOifige mar atá, córas rialaithe inmheánaigh a chur i bhfeidhm atá bunaithe ar sholáthar faisnéise maidir le caiteachas don bhainistíocht go tráthrialta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear saindeighilt idir dhualgais, agus córas tarmligean freagrachta. Cuimsíonn sin na nósanna imeachta a leanas:

- Cuirtear meastachán bliantúil faoi riachtanais airgeadais ar fáil dár Roinn tuismitheora .i. an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh;
- Cuirtear tuarascáil ar fáil don Roinn dhá uair in aghaidh na bliana ina ndéantar comparáid idir caiteachas iarbhír agus caiteachas measta.
- Cláraítear caiteachas uile na hOifige i gcóras cuntasaíochta mhórleabhar ginearálta na Roinne. Ullmhaíonn brainse Cuntasaíochta na Roinne tuarascáil chaiteachais mhíosúil. Ansin cuireann bainisteoir na hoifige i gcomparáid leis na taifid atá coinnithe san Oifig í.
- Ullmhaíonn bainisteoir na hoifige ráiteas míosúil caiteachais ina ndéantar comparáid idir an caiteachas iarbhír agus an caiteachas measta. Scaiptear sin ar na baill foirne uile agus déanaim féin athbhreithniú uirthi.
- Bíonn na dualgais a bhaineann le hullmhúchán, údarú, agus íocaíochtaí a dhéanamh deighilte óna chéile.
- Is í an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh a chuirfidh feidhm iniúchta inmheánaigh ar fáil.

Deimhním go ndearna mé athbhreithniú ar chóras inmheánach airgeadais na hOifige i gcaitheamh na bliana 2007.

**Paul Kenny**
*Fear an Phobail um Pinsin*

25 Aibreán, 2008.

# RÁITEAS POLASAITHE CUNTASAÍOCHTA

## 1. BUNÚS ULLMHÚCHÁIN

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn fabhraithe, cé is moite den chás atá léirithe thíos, de réir na bprionsabal cuntasaíochta a bhfuil glacadh leo go ginearálta faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil, agus comhlíonann siad na caighdeáin tuairiscithe airgeadais infheidhme agus ceanglais Alt 143 d'Acht na bPinsean 1990, (arna chur isteach ag Alt 5 d'Acht na bPinsean (Leasú) 2002).

## 2. DEONTAS OIREACHTAIS

Is éard atá sa Deontas Oireachtais na híocaíochtaí iomlána a rinne an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh thar cheann na hOifige i mbliain an chuntais.

## 3. PINSIN

Is Státseirbhísigh na fostaithe in Oifig Fhear an Phobail um Pinsin agus mar sin tá siad clúdaithe le socruithe pinsin na Státseirbhíse. Tugadh isteach scéim aoisliúntais sochair shainithe d'Fhear an Phobail um Pinsin i 2007 le héifeacht ó 2006. Tá breis eolais ar fáil i Nóta 6.

## 4. SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE

Luaitear Sócmhainní Seasta Inláimhsithe mar chostas nó luacháil lúide luachlaghdú carntha. Is ar bhonn líne díreach a dhéantar luachlaghdú ag rátaí a meastar go laghdóidh siad na sócmhainní go luachanna inréadaithe faoi dheireadh an tsaoil úsáidigh a mheastar a bheith i ndán dóibh mar a leanas:

| | |
|---|---|
| TE agus Trealamh Oifige | 20% Líne Díreach |
| Troscán agus Feistis | 10% Líne Díreach |

## 5. CUNTAS CAIPITIL

Is éard atá sa Cuntas Caipitil luach gan amúchadh an ioncaim arna fheidhmiú le haghaidh caiteachas caipitil.

## 6. RÁITEAS UM SHREABHADH AIRGID THIRIM

Ní chuirtear aon Ráiteas um Shreabhadh Airgid Thirim i láthair a thagann leis na heisceachtaí atá deonaithe i FRS 1.

# CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS

## DON BHLIAIN 1 EANÁIR GO 31 NOLLAIG 2007

| | Nótaí | 2007 | 2006 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| **Ioncam** | | | |
| Deontas Oireachtais | 1 | 1,058,003 | 652,591 |
| Glanmhaoiniú Iarchurtha le haghaidh Pinsean | 6b | 10,500 | 0 |
| Aistriú ó Chuntas Caipitil | 5 | 25,179 | -20,657 |
| **Ioncam Iomlán** | | **1,093,682** | **631,934** |
| **Caiteachas** | | | |
| Costais Foirne | 2 | 649,249 | 511,390 |
| Riarachán | 3 | 232,518 | 254,428 |
| Luachlaghdú | 4 | 26,056 | 25,992 |
| Táille Iniúchta | | 4,250 | 2,000 |
| Caillteanas ar Dhiúscairt Sócmhainne Seasta | | 552 | 0 |
| **Caiteachas Iomlán** | | 912,625 | 793,810 |
| **Farasbarr don bhliain** | | **181,057** | **-161,876** |
| **Easnamh ag 1 Eanáir** | | (55,853) | 106,023 |
| **Farasbarr ar 31 Nollaig** | | **125,204** | **(55,853)** |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo Ráiteas na bPolasaithe Cuntasaíochta agus Nótaí 1 go 7.

**Paul Kenny**
*Fear an Phobail um Pinsin*

25 Meitheamh 2008

# CLÁR COMHARDAITHE

## AR 31 NOLLAIG 2007

| | Note | 2007 | | 2006 | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | € | € | € | € |
| **Sócmhainní Seasta** | | | | | |
| Sócmhainní Seasta Inláimhsithe | 4 | | 95,283 | | 120,462 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | | |
| Fiachóirí agus Réamhíocaíochtaí | | 170,504 | | 3,903 | |
| Airgead ar Láimh | | 250 | | 181 | |
| | | 170,754 | | 4,084 | |
| **Fiachais Reatha** | | | | | |
| Creidiúnaithe | | 26,970 | | 0 | |
| Fabhruithe | | 18,580 | | 59,937 | |
| | | 45,550 | | | |
| **Glandliteanais Reatha** | | | 125,204 | | (55,853) |
| **Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais Reatha** | | | **220,487** | | **64,609** |
| Maoiniú Pinsin Iarchurtha | 6d | | 137,000 | | 0 |
| Dliteanas Pinsin | 6e | | (137,000) | | 0 |
| **Glansócmhainní** | | | **220,487** | | **64,609** |
| **Arna Airgeadú ag** | | | | | |
| Cuntas Caipitil | 5 | | 95,283 | | 120,462 |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | | | 125,204 | | (55,853) |
| | | | **220,487** | | **64,609** |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo Ráiteas na bPolasaithe Cuntasaíochta agus Nótaí 1 go 7.

**Paul Kenny**
*Fear an Phobail um Pinsin*

25 Meitheamh 2008

# NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 1 DEONTAS OIREACHTAIS

Is é an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh a mhaoiníonn Oifig Fhear an Phobail um Pinsin agus is í a dhéanann na híocaíochta uile ar son na hOifige.

Is ionann an tsuim arna muirearú ar Chuntas Leithghabhála na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh agus méid iomlán an deontais.

## 2 COSTAIS FOIRNE

| | | **2007** **€** | **2006** **€** |
|---|---|---|---|
| Is iadsan: | | | |
| Luach Saothair agus Tuarastail | | 631,530 | 505,872 |
| Taisteal | | 7,219 | 5,518 |
| Costais Phinsin | 6c | 10,500 | 0 |
| **Iomlán** | | **649,249** | **511,390** |


Naonúr líon na foirne a bhí fostaithe san Oifig i 2007 lena n-áirítear Fear an Phobail.

## 3 COSTAIS RIARACHÁIN

| | **2007** **€** | **2006** **€** |
|---|---|---|
| Costais Theagmhasacha | 127,611 | 84,178 |
| Post agus Teileachumarsáide | 13,198 | 7,158 |
| Clódóireacht agus Stáiseanóireacht | 38,322 | 44,111 |
| TE/Sáslach Oifige Obair Chothabhála | 53,387 | 118,981 |
| | **232,518** | **254,428** |

## 4 SÓCMHAINNÍ SEASTA

| | Crua-earra TE | Troscán agus Feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | € | € | € |
| **Sócmhainní ar a gCostas** | | | |
| Comhardú ar 1 Eanáir 2007 | 53,856 | 152,204 | 206,060 |
| Breiseanna | - | 1,429 | 1,429 |
| Diúscairtí | - | (789) | (789) |
| **Comhardú ar 31 Nollaig 2007** | **53,856** | **152,844** | **206,700** |
| **Luachlaghdú** | | | |
| Comhardú ar 01 Eanáir 2007 | (41,567) | (44,031) | (85,598) |
| Luachlaghdú ar Dhiúscairt | - | 237 | 237 |
| Muirear don bhliain | (10,772) | (15,284) | (26,056) |
| **Comhardú ar 31 Nollaig 2007** | **(52,339)** | **(59,078)** | **(111,417)** |
| **Luach Leabhair Glan** | | | |
| Comhardú ar 01 Eanáir 2007 | 12,289 | 108,173 | 120,462 |
| **Comhardú ar 31 Nollaig 2007** | **1,517** | **93,766** | **95,283** |



## 5 CUNTAS CAIPITIL

| | € | € |
|---|---|---|
| **Comhardú ar 1 Eanáir 2007** | | 120,462 |
| Ceannach Sócmhainne Seasta | 1,429 | |
| Amúchadh faoi réir ag Luachlaghdú | (26,056) | |
| Caillteanas ar Dhiúscairt | (552) | |
| Aistriú go Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | | (25,179) |
| **Comhardú ar 31 Nollaig 2007** | | **95,283** |

## 6 PINSIN

Feidhmíonn an Oifig scéim sochair shainithe ranníocach d'Fhear an Phobail um Pinsin.

Ní choinnítear aon chiste faoi leith. Tá na torthaí atá leagtha amach anseo thíos bunaithe ar luacháil achtúireach na ndliteanas Pinsin i 2007.

Rinne achtúire cáilithe neamhspleách an luacháil seo chun críche an chaighdeáin chuntasaíochta Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais Uimh. 17 - Sochair Scoir (FRS17).

**a)** Is iad seo na príomhthoimhdeana airgeadais a úsáideadh:

| | an 31/12/07 | an 31/12/06 | an 31/12/05 |
|---|---|---|---|
| Ráta lascaine | 5.50% | 5.50% | 5.50% |
| Ráta ardaithe tuarastal | 4.00% | 4.00% | 4.00% |
| Ráta méadaithe pinsean | 4.00% | 4.00% | 4.00% |
| Boilsciú | 2.00% | 2.00% | 2.00% |

**b)** Glanmhaoiniú iarchurtha do Phinsin in aghaidh na bliana

| | **2007** **€** | **2006** **€** |
|---|---|---|
| Áirithe in ioncam Costais seirbhíse láithreacha | 25,000 | 23,000 |
| Ús ar Dhliteanais Scéim Phinsin | 5,000 | 3,000 |
| Ranníocaí Fostaithe | (19,500) | - |
| | 10,500 | 26,000 |

**c)** Anailís chostais iomlána pinsin muirearaithe ar chaiteachas

| | **2007** **€** | **2006** **€** |
|---|---|---|
| Costais seirbhíse láithreacha | 25,000 | 23,000 |
| Ús ar Dhliteanais Scéim Phinsin | 5,000 | 3,000 |
| Ranníocaí Fostaithe | (19,500) | - |
| | 10,500 | 26,000 |

**d)** Sócmhainní Iarchurtha le haghaidh Pinsean

Ba é €137,000, (2006 - €91,000) méid na sócmhainne maoinithe iarchurtha do phinsin an 31 Nollaig 2007.

**e)** Gluaiseacht sa Ghlandliteanas Pinsin le linn na bliana airgeadais

| | 2007<br>€ | 2006<br>€ |
|---|---:|---:|
| Glandliteanas Pinsin an 1 Eanáir | 91,000 | 62,000 |
| Costas Seirbhíse Láithreach | 25,000 | 23,000 |
| Costas Úis | 5,000 | 3,000 |
| (Ghnóthachan)/Caillteanas Achtúireach | 16,000 | 3,000 |
| Pinsin íoctha sa bhliain | - | - |
| Glandliteanas Pinsin an 31 Nollaig | 137,000 | 91,000 |

**f)** Stair Gnóthachain agus Caillteanais Taithí

| | 2007<br>€ | 2006<br>€ |
|---|---:|---:|
| Caillteanas taithí ar dhliteanais scéime | 16,000 | 3,000 |
| Céatadán luach láithreach dliteanas scéime | 12% | 3% |

## 7 ÁITREABH

Tá an chóiríocht atá á áitiú ag Oifig Fhear an Phobail ag 36 Sráid an Mhóta Uachtarach, Baile Átha Cliath 2 léasaithe agus íoctha ag Oifig na nOibreacha Poiblí. Ní íocann Oifig Fhear an Phobail um Pinsin aon mhuirear maidir leis an gcóiríocht.

Ba é €179,375 an caiteachas ar áitreabh a thabhaigh Oifig na nOibreacha Poiblí i 2007 thar cheann Fhear an Phobail um Pinsin.

# AGUISÍN 8
# REACHTAÍOCHT RIALAITHE

Acht na bPinsean 1990

Acht na bPinsean (Leasú), 2002

Acht Leasa Shoisialaigh (Foralacha Ilghneitheacha), 2003

Ionstraim Reachtúil Uimh. 119 ó 2003

Ionstraim Reachtúil Uimh. 397 ó 2003

Ionstraim Reachtúil Uimh. 398 ó 2003

Ionstraim Reachtúil Uimh. 399 ó 2003

Acht um Aoisliuntas na Seirbhise Poibli (Foralacha Ilghneitheacha), 2004

Acht Leasa Shoisialaigh (Foralacha Ilghneitheacha), 2004

Acht um Athchóiriú an Dlí Leasa Shóisialaigh agus um Pinsin, 2006

Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2007

Ionstraim Reachtúil Uimh. 181 ó 2007

Ionstraim Reachtúil Uimh. 182 ó 2007

Féadfar teacht ar Riail Chúirt Achomhairc ó Chinneadh Fhear an Phobail um Phinsin in Ionstraim Reachtúil Uimh. 14 ó 2007.

Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean 2008

# AGUISÍN 9

# FOILSEACHÁIN NA HOIFIGE

- Is céard is féidir le Fear an Phobail a dhéanamh duit?
- Nósanna Imeachta um Réiteach Díospóidí – Nótaí Treoracha d'Iontaobhaithe agus do Riarthóirí
- Treoir do Fhreagróirí
- Ráiteas Straitéise 2007 – 2009
- Ag Fáil Tuisceana ar Phinsin – Caomhthreoir do Phinsin[1]
- Tuarascálacha Bliantúla agus Achoimre Chásanna 2003/4 - 2007

Tá gach foilseachán ar fáil saor in aisce ar iarratas ar an Oifig agus tá siad ar fáil ar an suíomh idirlín againn freisin ag www.pensionsombudsman.ie

1 Is é Paul Kenny ina cháil mar dhuine príobháideach a scríobh *Understanding Pensions* agus is í an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh a d'urraigh an foilseachán i 2004. Is le Comhairle na hÉireann um Pleanáil do Lucht Scoir agus Cumann Cistí Pinsean na hÉireann an chóipcheart.